






# RANNÁN CULTÚIR 2021

COMHAIRLE CONTAE DHÚN NA nGALL

# CULTURE DIVISION 2021

DONEGAL COUNTY COUNCIL

Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

2021.
Dearadh le Manna Design, www.mannadesign.net
Foilsithe ag Seirbhísí Cultúrtha Chomhairle Contae Dhún na nGall
Lána Chnocán na Rós, Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall, F92 KP90.
T: +353 74 915 3900

Aithníonn Seirbhísí Cultúrtha Chomhairle Contae Dhún na nGall nach bhféadfaí na tionscnaimh agus na cláir, ar a bhfuil cur síos déanta orthu san fhoilseachán seo, a chur i gcrích gan an tacaíocht fhíorluachmhar a fhaightear óna bhfoireann, óna maoinitheoirí agus óna n-eagraíochtaí comhpháirtithe.

2021.
Design by Manna Design, www.mannadesign.net
Published by Donegal County Council Culture Division
Rosemount Lane, Letterkenny, Co. Donegal, F92 KP90.
T: +353 74 915 3900

Donegal County Council Culture Division acknowledges the invaluable support of all its staff, funders, and partner organisations, without whose assistance the projects and programmes described in this publication would not have been possible.

# An Clár


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 5 |
| Clár Éire Ildánach | 6 |
| Colmcille 1500 | 12 |
| Na Deich mBliana de Chomóradh an Chéid | 22 |
| Seirbhís Leabharlainne | 30 |
| Seirbhís Ealaíon | 43 |
| Ionad Cultúrtha Réigiúnach | 53 |
| Seirbhís Músaeim | 60 |
| Seirbhís Cartlainne | 69 |
| Oifig Oidhreachta | 76 |
| Acrainmneacha | 88 |


# Contents


| | |
|---|---|
| Foreword | 5 |
| Creative Ireland Programme | 6 |
| Colmcille 1500 | 12 |
| Decade of Centenaries | 22 |
| Library Service | 30 |
| Arts Service | 43 |
| Regional Cultural Centre | 53 |
| Museum Service | 60 |
| Archives Service | 69 |
| Heritage Office | 76 |
| Acronyms | 88 |


Libraries
Leabharlanna



Regional Cultural Centre
Lárionad Cultúrtha Réigiúnach



Museum
Músaem




Heritage
Oidhreacht





Arts
Ealaíona



Public Art
Ealaín Phoiblí



Archives
Cartlann

074 91 53900
www.donegalcoco.ie/culture
www.donegallibrary.ie

Comhairle Contae
Dhún na nGall
Donegal County Council

# Réamhrá

Is é an misean atá ag Rannán Cultúir Chomhairle Contae Dhún na nGall ná an saol a shaibhriú, mothúchán féiniúlachta a fheabhsú, deiseanna cultúrtha agus sóisialta a mhéadú agus oidhreacht chultúrtha a chaomhnú do glúnta atá ann anois agus glúnta atá le teacht ach seirbhísí Leabharlainne, Ealaíon, Músaeim, Cartlainne agus Oidhreachta a fhorbairt agus a sheachadadh.

Cruthaíonn cultúr luach sochaíoch inbhraite, cuireann sé folláine chun cinn agus cuireann sé luach eacnamaíoch dearfach idir dhíreach agus indíreach ar fáil. Tá bród ar Chomhairle Contae Dhún na nGall Rannán Cultúir tiomnaithe a bheith acu a oibríonn i gcomhar le daoine eile go hinmheánach agus go seachtrach chun obair sa réimse seo a stiúradh agus a sheachadadh.

In ainneoin na n-iarrachtaí is fearr, ba bhliain dhúshlánach eile í 2021 i dtimpeallacht oibre de chuid COVID -19 nach rabhthas ag súil leis. Bhí an Rannán Cultúir ábalta ag an dúshlán trí chultúr agus chruthaitheacht a shaibhriú, a fheabhsú agus a chaomhnú, agus le tacaíochtaí sa bhreis ón rialtas, leanadh ar aghaidh le cláir, tionscadail agus gníomhaíochtaí a sholáthar agus a fhorbairt.

Tá áthas orainn Athbhreithniú Bliantúil 2021 An Rannáin Cultúir a chur i láthair, a léiríonn an réimse saibhir gníomhaíochtaí, tionscadal agus clár a thit amach i rith na bliana, cuid mhaith acu a léiríonn comhpháirtíocht, comhoibriú agus nuálaíocht agus a rianóidh cúrsa do ghníomhaíochtaí chumaiscthe idir phearsanta agus ar líne.

**Patsy Lafferty, Stiúrthóir**
**Eileen Burgess, Bainisteoir Rannáin**

# Foreword

The mission of Donegal County Council's Culture Division is to enrich life, enhance sense of identity, increase cultural and social opportunities and conserve cultural inheritance for present and future generations by developing and delivering Library, Arts, Museum, Archive and Heritage services.

Culture creates tangible societal value, promotes wellbeing and provides positive direct and indirect economic value. Donegal County Council are proud to have a dedicated Culture Division who work collaboratively internally and externally to lead and deliver in this area.

Despite best hopes, 2021 proved another challenging year in an unexpectedly extended COVID-19 working environment. Throughout, the Culture Division rose to the challenge by continuing to enrich, enhance and conserve culture and creativity, and with additional government supports, continued to deliver as well as to expand cultural programmes, projects, and activities.

We are pleased to present the 2021 Culture Division Annual Review which provides a snapshot of the rich range of activities, projects and programmes that took place throughout the year, many demonstrating partnership, collaboration, innovation and charting a course for blended in-person and online activity.

**Patsy Lafferty, Director**
**Eileen Burgess, Divisional Manager**

# Clár Éire Ildánach

Bhí Scéim *Deontais um Chultúr & Cruthaitheachta*, tacaíocht do Scéim Deontas Pobail Cholmcille 1500, tionscadail chruthaitheacha chun cur le Tionscnamh Bhailte Stairiúla Bhéal Átha Seanaidh, gradam agus scéim sparánachta um scannán tionscnaimh, chomh maith le forbairt leanúnach maidir le clár *Cholmcille 1500*, ar chlár 2021. Bhí beagnach €223,000 ar fáil don chlár.

# Creative Ireland Programme

The 2021 programme included the *Culture & Creativity Grant Scheme*, support for the Colmcille 1500 Community Grant Scheme, creative projects to complement the Ballyshannon Historic Towns Initiative, an inaugural film award and bursary scheme, and ongoing development of the wider *Colmcille 1500* programme. Just over €223K was available for the programme.





*Bataí á gcumhdach i gCalafort an Iarla, Bun Cranncha mar chuid de phicnic phobal Dúlra an Duine le tacaíocht ó Dheontas Cultúir agus Cruthaitheachta Éire Ildánach.*
Grianghraf: Harry Kerr

*Stick wrapping at Earlsfort Buncrana as part of Human Nature community picnic supported by a Creative Ireland Culture and Creativity Grant.*
Photograph: Harry Kerr

## Forbairt Lucht Féachana

Cuireadh Plean Forbartha Lucht Féachana Trasteorann, a dréachtaíodh in 2020, i bhfeidhm in 2021, a dhírigh ar Theaghlaigh agus Seandaoine. Tá Dún na nGall chun tosaigh maidir le clár na Seandaoine, agus Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin chun tosaigh maidir le clár na dTeaghlach.  Is iad na sé thionscnamh do Sheandaoine ná painéal sainiúil don chultúr a fhorbairt, iniúchtaí Inrochtaineachta, a bheith ag Obair le hOifigigh a Thacaíonn le Seandaoine, Síneadh le Féile na Bealtaine, Ealaíontóir Cónaithe do Thithe Cúraim, agus Comrádaithe Cultúir.

## Audience Development


The Cross-border Audience Development Plan, drawn up in 2020, began to be implemented in 2021, with a focus on Families and on Older People. Donegal is taking the lead on the Older People strand, with Derry City & Strabane District Council leading on the Families programme.  The six initiatives for Older People are Development of a culture specific panel, Accessibility audits, Working with Age Friendly Officers, Extension of the Bealtaine Festival, Artist in Residence for Care Homes, and Cultural Companions.

## Cruinniú na nÓg

Bhí lá náisiúnta na cruthaitheachta, *Cruinniú na nÓg*, ar siúl Dé Sathairn an 12 Meitheamh. Rinne Foireann Chruinniú na nÓg 23 imeacht ar fud Dhún na nGall a chomhordú, inar áiríodh meascán d'imeachtaí beo ar líne agus réamhthaifeadta bunaithe ar thionscadail chomh maith le pacáistí gníomhaíochta a cuireadh sa phost nó a bailíodh. Ghlac os cionn 1,000 páiste  agus duine óg páirt ghníomhach ann roimh ré agus ar an lá féin. D'amharc breis agus 6,000 duine ar na trí imeacht réamhthaifeadta, bhí tionscadal pobalbhunaithe le Lár Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille, tionscadal scoile ar shaol Cholmcille ag Scoil Náisiúnta Ghartáin agus mionfhéile ceoil ar líne mar chuid de. Bhí tionscnaimh náisiúnta ar fáil do rannpháirtithe Dhún na nGall fosta.

## Cruinniú na nÓg

The national day of creativity, *Cruinniú na nÓg*, took place on Saturday June 12th. The Cruinniú team coordinated the programme of 23 events across Donegal, which included a combination of live online and pre-recorded project-based events, and hands on activity packs which were either posted or collected. Over 1,000 children and young people actively participated in the run up to and on the day itself. An audience of over 6,000 people viewed the three pre-recorded events combined, which included a community based project by Lár Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille, a school project on the life of Colmcille by Gartan National School and an online mini music festival. National initiatives were also available to Donegal participants.









*Thuas: Iomann do Cholmán ag Teach Gléibe mar chuid den tionscadal Folded Time Research a fuair deontas*
Grianghraf: Orla McHardy

*Above: A Hymn to St Columba taken at Glebe House as part of grant recipient project Folded Time Research*
Photograph: Orla McHardy

*Thuas ar dheis: Taitneamh á bhaint as ceardlann luibheolaíochta le cré sa bhaile le linn Chruinniú na nÓg 2021*
Grianghraf: Paul McGuckin

*Above right: Enjoying a botanical clay workshop at home during Cruinniú na nÓg 2021*
Photograph: Paul McGuckin

*Ar dheis: Seo taispeántas fuinneog ealaíne a bhí ar taispeáint le linn Cruinniú na nÓg*
Grianghraf: Jeremy Howard

*Right: This is Art window exhibition on show during Cruinniú na nÓg*
Photograph: Jeremy Howard

## Scéim Deontas Pobail

Thairg an Scéim Deontas um Chultúr & Chruthaitheacht deontais ar fiú €2,000 an ceann iad do thionscadail a spreagann comhoibriú idir pobail agus speisialtóirí oidhreachta, ealaíontóirí, gairmithe cultúir agus/ nó tionscail chruthaitheacha. D'fhéadfadh grúpaí pobail agus daoine aonair iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú do thionscadal a thugann aghaidh ar thionscail chultúir, oidhreachta, ealaíon nó chruthaitheacha.

Fuarthas 85 iarratas agus tugadh tacaíocht do 25 tionscadal. Tá eolas ar gach ceann de na tionscadail ar láithreán gréasáin Éire Ildánach https://www.creativeireland.gov.ie/ga/donegal/

Diomaite de sin, cuireadh tacaíocht ar fáil do Scéim Deontas Pobail Cholmcille 1500 chun tionscadail a chumasú le linn na bliana comórtha.

## Ciste um Ghníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide

Rinne an Chomhairle, i gcomhpháirt le Comhairle Contae an Chláir agus *LUXe Professional & Landscape Theatre*, iarratas ar thionscadal ar fiú €200K dar teideal *FLOW*, freagairt ealaíne ar lagú na gcóras imshruthaithe aigéin san Atlantach mar gheall ar athrú aeráide. Bhí ró-éileamh ar an Chiste, agus níor éirigh ach le 14 de na 166 iarratas. Mar fhocal dearfach, beidh Dún na nGall i measc na n-iarratas rathúil mar *Stories of Change* - rachaidh seó bóthair cruthaitheach idirghlúine go ceithre chontae a thaispeánfaidh réitigh áitiúla ar ghéarchéim na haeráide trí mheán na grianghrafadóireachta, na scéalaíochta agus an bhia.

## An Ciste um Chruthaitheacht i nDúshlán na Seanaoise

Cuireadh dhá iarratas faoi bhráid an Chiste um Dhúshlán Cruthaitheachta i measc na Seanaoise agus d'éirigh leis an dá cheann. Thug sé seo an seans síneadh a chur leis an chlár *Music in Care Homes* agus tabhairt faoi thionscadal scannáin dar teideal Yarns - sraith gearrscannán ina raibh amhráin, scéalta agus cuimhní cinn ó chúigear seandaoine cruthaitheacha i nDún na nGall.





*Taibheoirí óga ag taifeadadh físeán ceoil ag an RCC mar chuid de Chruinniú na nÓg*
Grianghraf: Paul McGuckin

*Young performers recording a music video at the RCC as part of Cruinniú na nÓg*
Photograph: Paul McGuckin

## Community Grants Scheme

The Culture & Creativity Grants Scheme offered grants of €2,000 each to projects that encourage cooperation and collaboration between communities and heritage specialists, artists, culture professionals and/or creative industries. Community groups and individuals could apply for funding for a project that addresses culture, heritage, arts or creative industries.

85 applications were received and 25 projects were supported. Information on each of the projects is on the Creative Ireland website https://www.creativeireland.gov.ie/en/donegal/

Separately, support was provided for the Colmcille 1500 Community Grant Scheme, to enable projects during the commemorative year.

## Creative Climate Action Fund

The Council, in partnership with Clare County Council and *LUXe Processional & Landscape Theatre*, made an application for a €200K project entitled *FLOW*, an artistic response to the weakening of ocean circulation systems in the Atlantic due to climate change. The Fund was hugely oversubscribed, with only 14 of the 166 applications being successful. On a positive note, one of the successful applications will include *Donegal as Stories of Change* - an intergenerational creative roadshow will travel to four counties showcasing local solutions to the climate crisis through the visual medium of photography, storytelling and food.

## Creativity in Older Age Challenge Fund

Two applications were submitted to the Creativity in Older Age Challenge Fund and both were successful. This allowed for an extension of the *Music in Care Homes* programme and for a film project entitled Yarns - a series of short films featuring songs, stories, and reminiscences from five creative older people in Donegal.

# Colmcille 1500

Comóradh bliana is ea *Colmcille 1500* a dhéanann ceiliúradh ar chuimhneachán 1500 bliain ó rugadh Columba, nó Colmcille mar is fearr aithne air. Aithníonn sé tábhacht agus oidhreacht an naoimh ón 6ú haois, ní hamháin do mhuintir Dhún na nGall agus Dhoire ach do mhuintir na hÉireann, na hAlban agus dóibh siúd ar fud an domhain. Mhair an ceiliúradh bliana ón 7 Nollaig 2020 go dtí an 7 Nollaig 2021 agus síneadh curtha le roinnt gníomhaíochtaí go 2022.

Chomhoibrigh Comhairle Contae Dhún na nGall agus Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin ar chlár ar feadh na bliana le maoiniú ó Chiste Forbartha an Iarthuaiscirt. Cuireann sé le hiniúchadh ar Oidhreacht Cholm Cille a rinneadh in 2018 agus tá sé mar aidhm leis feasacht agus tuiscint ar Cholm Cille a ardú chomh maith le hoidhreacht mharthanach a bhunú. Chlúdaigh an maoiniú réimse tionscadal, imeachtaí agus gníomhaíochtaí chomh maith le scéim deontas, cursaí margaíochta agus Bainisteoir Tionscadail tiomnaithe. Thacaigh an clár le Grúpa Stiúrtha trasteorann agus chuathas i dteagmháil le páirtithe leasmhara ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.

# Colmcille 1500

*Colmcille 1500* is a year-long commemoration marking the 1500th anniversary of the birth of Colmcille, also known as Columba. It recognises the importance and legacy of the 6th-century saint, not only for Donegal and Derry but for Ireland, Scotland and across the world. The year-long celebrations lasted from the 7th December 2020 to 7th December 2021 with some activity extending into 2022.

Donegal County Council and Derry City and Strabane District Council co-ordinated a programme for the year, primarily funded through the North West Development Fund. It builds on an Audit of Columban Heritage undertaken in 2018 and aims to raise knowledge and understanding of Colmcille as well as establish a lasting legacy. Funding covered a range of projects, events and activities as well as a grants scheme, marketing and a dedicated Project Manager. The programme supported a cross-border Steering Group and engaged with stakeholders at a national and international level.





*Gradam Dheontas Cholmcille 1500 – Threoraigh Oideas Gael tionscadal le béaloideas a bhailiú agus chun léarscáil dhigiteach idirghníomhach a dhéanamh a thaispeáin mionlogainmneacha a bhain leis an naomh i nGleann Cholm Cille*
Grianghraf: Oideas Gael

*Colmcille 1500 Grant Award – Oideas Gael led a project to gather folklore and produce an interactive digital map showcasing minor placenames associated with the saint in Gleann Cholm Cille*
Photograph: Oideas Gael

## Imeachtaí Colmcille 1500

Bhí breis agus 150 imeacht ar siúl le linn 2021 ag comhpháirtithe áitiúla, réigiúnacha nó náisiúnta. Ina measc bhí ceolchoirmeacha, taispeántais, comhdhálacha, léachtaí, scannáin, drámaí agus taibhithe eile. Chuir an dá Chomhairle 24% de na himeachtaí ar fáil, Chuir comhpháirtithe áitiúla 41% ar fáil, 14% i gceantair eile agus chuir eagraíochtaí náisiúnta 21% de na himeachtaí ar fáil.

Soláthraíodh thart ar 80 imeacht ar líne mar fhreagairt ar shrianta COVID-19. Tugadh deis, mar sin, imeachtaí ceiliúrtha a chur ar fáil do lucht féachana idirnáisiúnta, chomh maith leis sin, tugadh an deis do lucht féachana áitiúil páirt a ghlacadh in imeachtaí i gceantair eile. Tharla an líon is mó imeachtaí ar dhá ócáid thábhachtach - Lá Fhéile an Naoimh ar an 9 Meitheamh 2021 agus ar a bhreithlá cothrom an lae sin 1500 bliain ó shin ar an 7 Nollaig 2021.

Bhí dhá phríomhimeacht ag deireadh na bliana sin a d'eagraigh Comhairle Contae Dhún na nGall. Ar an 6 Nollaig 2021 thug imeacht idirnáisiúnta ar líne *Cholmcille 1500: A Journey Through Ireland & Scotland* suíomhanna le chéile a raibh nasc acu le Colmcille trí ghearrscannáin agus trí dhíospóireacht phainéil ar fhreastail 140 duine as 10 tír orthu. Rinne Comhairle Contae Dhún na nGall cuid de na gearrscannáin seo a choimisiúnú chomh maith le léarscáil mhaisithe de shuíomhanna in Éirinn agus in Albain i nGaeilge agus i nGaeilge na hAlban i gcomhar le Rannóg na Gaeilge agus le tacaíocht ó Foras na Gaeilge.

Bhí an imeacht deiridh ar an 7 Nollaig 2021 in Ionad Oidhreachta Cholmcille lena bhreithlá a chomóradh san áit ar rugadh é. Labhair Cathaoirleach Chomhairle Contae Dhún na nGall agus Méara Chathair Dhoire agus Chomhairle Ceantair an tSratha Báin chomh maith le ceannairí eaglaise le lucht freastail na hócáide trasteorann seo. Áiríodh ann an chéad taibhiú de bheochaintí a cruthaíodh trí Thionscadal Béaloidis na Scoileanna Digiteacha agus ina dhiaidh sin nochtadh dealbh ealaíne poiblí de Cholmcille ar an N56 in aice le Cill Mhic Réanáin. Bhí íomhánna digiteacha á dteilgean fosta i nGartán agus i nDoire mar chuid de thionscadal soilsithe de *Coinneal Cholmcille* ar fud na hÉireann agus na hAlban.

## Colmcille 1500 Events

Over 150 events took place during 2021 by local, regional or national partners. These included concerts, exhibitions, conferences, lectures, films, plays and other performances. 24% of events were delivered by the two Councils, 41% by local partners, 14% in other areas and 21% by national organisations.

Approximately 80 events were delivered online in response to COVID-19 restrictions. This provided an opportunity to bring celebrations to an international audience as well as enabling local audiences to participate in events in other areas. The largest number of events took place around two key milestones for the year - the Saint's Feast Day on 9th June 2021 and his 1500th birthday on 7th December 2021.

The year culminated in two key events organised by Donegal County Council. On 6th December 2021 an international online event *Colmcille 1500: A Journey Through Ireland & Scotland* brought together locations with a connection to Colmcille through short films and panel discussions attended by 140 people across 10 countries. Donegal County Council commissioned a number of these short films in collaboration with Rannóg na Gaeilge and supported by Foras na Gaeilge as well as an Illustrated map of sites in Ireland and Scotland in Irish, English and Scottish Gaelic.

On 7th December 2021 a closing event took place at the Colmcille Heritage Centre to mark the Saint's birthday at his birthplace. This cross-border event was addressed by An Cathaoirleach of Donegal County Council and the Mayor of Derry City and Strabane District Council as well as church leaders. It included the premiere of animations created through the Digital Schools Folklore Project and was followed by an unveiling of the N56 Colmcille public art sculpture near Kilmacrennan. Digital images were also projected in Gartan and Derry as part of *Coinneal Cholmcille* illuminations project across Ireland and Scotland.



*Cathaoirleach Cllr Jack Murray le Méara Chathair Dhoire & Chomhairle Ceantair an tSratha Báin Ald Graham Warke agus leanaí ó Scoil Náisiúnta Ghartáin ag seoladh an tionscadail Digital Schools Folklore Project agus leabhar nua dathúcháin Cholmcille ag imeacht breithlá trasteorann in Ionad Oidhreachta Cholmcille i nGartán ar an 7 Nollaig 2021*
Grianghraf: Harry Kerr

*Cathaoirlach Cllr Jack Murray pictured with Mayor of Derry City & Strabane District Council Ald Graham Warke and children from Gartan National School launching the Digital Schools Folklore Project and new Colmcille colouring book at a cross-border birthday event in the Colmcille Heritage Centre in Gartan on 7th December 2021*
Photograph: Harry Kerr

## Tionscnaimh Colmcille 1500 faoi stiúir na Comhairle

Rinne an Chomhairle an-chuid tionscadal de chuid Colmcille 1500 a threorú agus a choimisiúnú agus chuir sí an-chuid tacaíochta ar fáil le linn na bliana. Fuair na tionscadail seo a leanas tacaíocht ó réimse maoinitheoirí, ina measc, bhí Ciste Forbartha an Iarthuaiscirt, Éire Ildánach, an Chomhairle Oidhreachta, an Chomhairle Ealaíon, Bonneagar Iompair Éireann agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

**Seirbhís Leabharlainne**

- Scoileanna Digiteacha Tionscadal Béaloidis i gcomhar le scoileanna agus leabharlanna i nDún na nGall, Doire, i gContae na Mí agus i gContae Shligigh le greannán maisithe bunaithe ar na beochaintí;
- Dhá thaispeántas sa Lárleabharlann - *Leabhar Cheanannais* agus *Columcille, The Scribe agus The Maledictions of Colmcille*, saothar péinteála faoi Cholm Cille le Tim Stampton;
- *Books and* Beyond: sraith de naoi léacht mar chuid den *tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta*
- I measc na dtionscnamh eile, bhí Leabharliosta Cholm Cille, Club Leabhar Chronicí Oileán Í agus imeachtaí téamúla de chuid Cholm Cille do *Wainfest 2021*.

**Seirbhís Ealaíon:**

- Léiriú Amharclann an Ghrianáin de *The Enemy Within* le Brian Friel;
- Dealbh Cholmcille ar an N56 gar do Chill Mhic Réanáin mar chuid den Tionscadal Céatadáin ar son na hEalaíne i gcomhpháirtíocht le Stiúrthóireacht Bóithre agus Iompair/NRDO;
- *Colmcille Dove of Peace* - Coimisiún ceolfhoirne do Cheolfhoireann na nÓg Dhún na nGall i gcomhar le Comhpháirtíocht Oideachas Ceoil Dhún na nGall (COCDG).

## Council-led Colmcille 1500 Initiatives

Donegal County Council has led, commissioned or supported a large number of Colmcille 1500 projects for the year. The following projects were supported by a range of funders including the North West Development Fund, Creative Ireland, the Heritage Council, the Arts Council, Transport Infrastructure Ireland and the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media.

**Library Service:**

- Digital Schools Folklore Project in partnership' with schools and libraries in Donegal, Derry, Meath and Sligo with an illustrated comic based on the animations;
- Two exhibitions at Central Library - *The Book of Kells* and *Columcille The Scribe and The Maledictions of Colmcille* Tim Stampton Colmcille paintings;
- *Books and Beyond* series of nine lectures as part of *National Heritage Week*;
- Other initiatives included a Colmcille Bibliography, Chronicles of Iona Book Club and Colmcille themed events for *Wainfest 2021*.

**Arts Service:**

- An Grianán Theatre's production of Brian Friel's *The Enemy Within*;
- Colmcille sculpture on the N56 near Kilmacrennan as part of the Percent For Art Project in partnership with the Roads and Transportation Directorate/NRDO;
- *Colmcille Dove of Peace* orchestral commission for Donegal Youth Orchestra in collaboration with Donegal Music Education Partnership (DMEP).



*Gradam Dheontas Cholmcille 1500 – threoraigh Disert Heritage tochailt seandálaíochta a raibh oibrithe deonacha agus mic léinn seandálaíochta páirteach inti chun bunús agus ceangal le Colmcille ag an suíomh luath-mheánaoiseach eaglaise seo a fhiosrú.*
Grianghraf: Disert Heritage

*Colmcille 1500 Grant Award – Disert Heritage led an archaeological excavation involving volunteers and archaeology students to investigate the origins and association with Colmcille at this early medieval church site*
Photograph: Disert Heritage

**An tIonad Cultúrtha Réigiúnach**

Taispeántas amharcealaíne *Turas-Journey* ag Artlink ar an Dún Riabhach, An Gailearaí i nGaoth Dobhair, Teach agus Gailearaí na Gléibe i Mín an Lábáin agus san Ionad Cultúrtha Réigiúnach;

- Sraith cheoil chomhaimseartha ghearr bunaithe ar A Hymn of St Columba le Benjamin Britten.
- Taispeántas Amharc Ealaíona Turas-Journey

**Seirbhís Músaeim:**

- *Colmcille* – Taispeántas An Fear agus an Miotas i gcomhar le Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin agus clár d'imeachtaí gaolmhara.

**Seirbhís Cartlainne:**

- *Saol agus Oidhreacht Cholm Cille*, Pacáiste Oideachais, do bhunscoileanna lena n-áirítear leabhrán ar stair agus oidhreacht Cholm Cille agus bileoga oibre gníomhaíochta.

**Seirbhís Oidhreachta:**

- Grianghrafadóireacht 3D, turas fíorúil ar an Turas i nGleann Cholm Cille;
- Treoir Fuaime ar shuíomhanna oidhreachta i nDún na nGall atá nasctha le Colm Cille;
- Leabhar dathúcháin le léaráidí de láithreáin oidhreachta agus rudaí a bhaineann leis an Naomh;
- Oibreacha caomhnaithe in dhá shuíomh de chuid Cholm Cille ag Mainistir Chill Mhic Réanáin agus ag Séipéal Cholm Cille, Gartán i gcomhpháirtíocht leis an Stiúrthóireacht Bóithre agus Iompair.

**Regional Culture Centre:**

*Turas-Journey* visual art exhibition at Artlink Fort Dunree, An Gailearaí Ghaoth Dobhair, Glebe House & Gallery Churchill and Regional Cultural Centre;

- A new short contemporary musical suite based on Benjamin Britten's A Hymn of St Columba.
- Turas-Journey visual art exhibition

**Museum Service:**

- *Colmcille* – Man and Myths joint exhibition with Derry City and Strabane District Council and programme of related events.

**Archives Service:**

- *Colmcille Life and Legacy* Education Pack for primary schools including booklet on the history and legacy of Colmcille and activity work sheets.

**Heritage Service:**

- Photogrammetry 3D virtual tour of the Turas in Gleann Cholm Cille;
- Audio Guide of heritage sites in Donegal linked to Colmcille;
- Colouring book with illustrations of heritage sites and objects associated with the Saint;
- Conservation works at two Colmcille sites at Kilmacrennan Abbey and St. Colmcille's Chapel, Gartan in partnership with the Roads and Transportation Directorate.




*Gradam Dheontas Cholmcille 1500– Bail de Donegal Chamber Orchestra agus The Conwal Singers sa ghrianghraf leis an stiúrthóir Víctor Yélamo agus leis an chumadóir Seán Doherty do thaibhiú de 'Mobhi's Belt' i nGailearaí na Gléibe i mí Dheireadh Fómhair 2021*
Grianghraf: Lorcan Doherty

*Colmcille 1500 Grant Award – Members of Donegal Chamber Orchestra and the Conwal Singers pictured with conductor Víctor Yélamo and composer Seán Doherty for a performance of 'Mobhi's Belt' at Glebe Gallery in October 2021*
Photograph: Lorcan Doherty

## Scéim Deontais Colmcille 1500

Thug Scéim Deontais *Colmcille 1500* deis do phobail áitiúla páirt a ghlacadh agus cur leis na comórthaí 1500. Thacaigh Ciste Forbartha an Iarthuaiscirt agus Éire Ildánach leis agus bronnadh deontais €2,000 ar 18 eagraíocht i nDún na nGall agus i nDoire. Chlúdaigh na tionscadail réimse téamaí a raibh ina measc stair, ceol, drámaíocht, litríocht, ealaín, seandálaíocht, spioradáltacht agus béaloideas.

## Margaíocht

Mar gheall ar mhaoiniú ó Chiste Forbartha an Iarthuaiscirt bhíothas in ann margaíocht a dhéanamh ar chlár foriomlán *Colmcille 1500* trí shuíomh gréasáin tiomnaithe a chruthú ag www.colmcille1500.com agus ardáin sna meáin shóisialta. Rinneadh 10 bhfeachtas margaíochta a chomhordú i rith na bliana leis an chlár chomh maith le 320 postáil ar www.facebook.com/Colmcille1500NW.

## Oidhreacht

Cruthaíodh líon suntasach acmhainní oidhreachta le linn *Cholmcille 1500* mar shampla gearrscannáin, beochaintí, foilseacháin, conairí fíorúla, treoracha fuaime chomh maith le coimisiúin nua ceoil agus ealaíne. Cuirfidh an láithreán gréasáin tiomnaithe ardán lárnach ar fáil dóibh seo chomh maith le taifeadtaí ar líne d'imeachtaí i rith na bliana. Thacaigh an Clár fosta le forbairt tionscadal oidhreachta ar nós Camino Shlí Cholm Cille atá ag iarraidh bealach oilithreachta agus siúlóide a bhunú a nascann suíomhanna tábhachtacha a bhaineann le Colm Cille.

## Colmcille 1500 Grant Scheme

The *Colmcille 1500* Grants Scheme provided an opportunity for local communities to engage and contribute to 1500th commemorations. It was supported by the North West Development Fund and Creative Ireland with grants of €2,000 awarded to 18 organisations across Donegal and Derry. The projects covered a range of themes including history, music, drama, literature, art, archaeology, spirituality and folklore.

## Marketing

Funding from the North West Development Fund enabled the marketing of the overall *Colmcille 1500* programme through the creation of a dedicated website at www.colmcille1500.com and social media platforms. The programme co-ordinated 10 marketing campaigns throughout the year as well as 320 posts on www.facebook.com/Colmcille1500NW.

## Legacy

A significant number of legacy resources have been created during *Colmcille 1500* such as short films, animations, publications, virtual trails, audio guides as well as new music and art commissions. The dedicated website will provide a central platform for these as well as online recordings of events throughout the year. The Programme has also supported the development of legacy projects such as the Slí Cholmcille Camino which is seeking to establish a pilgrimage and walking route linking key sites related to Colmcille.



*Ar chlé: Colmcille Legacy Project – tá Slí Cholmcille Camino á stiúradh ag Deoise Ráth Bhoth ag forbairt bealach oilithreachta agus siúlóide a nascann suíomhanna tábhachtacha a bhaineann le Colmcille i nDún na nGall agus i nDoire le le linn siúlóide 12 lá. Reáchtáladh siúlóid ambasadóirí ar an mbealach i mí Iúil 2021, glacadh an pictiúr ar lá 12: Bun an Phobail go Shroove*
Grianghraf: Clive Wasson

*Left: Colmcille Legacy Project – the Slí Cholmcille Camino being led by Raphoe Diocese is developing a pilgrimage and walking route linking key sites related to Colmcille in Donegal and Derry over a 12-day walk. An ambassadors' walk of the route took place in July 2021, pictured is on day 12: Moville to Shroove*
Photograph: Clive Wasson

*Ar dheis: Colmcille Legacy Project – tá Slí Cholmcille Camino á stiúradh ag Deoise Ráth Bhoth ag forbairt bealach oilithreachta agus siúlóide a nascann suíomhanna tábhachtacha a bhaineann le Colmcille i nDún na nGall agus i nDoire le le linn siúlóide 12 lá. Reáchtáladh siúlóid ambasadóirí den bhealach i mí Iúil 2021, glacadh an pictiúr ar lá 7: Ray Church go Ards Friary*
Grianghraf: Clive Wasson

*Right: Colmcille Legacy Project – the Slí Cholmcille Camino being led by Raphoe Diocese is developing a pilgrimage and walking route linking key sites related to Colmcille in Donegal and Derry over a 12-day walk. An ambassadors' walk of the route took place in July 2021, pictured is on day 7: Ray Church to Ards Friary*
Photograph: Clive Wasson



# Na Deich mBliana de Chomóradh an Chéid

In 2021 chuir an Rannán Cultúir, Comhairle Contae Dhún na nGall, sraith tionscadal tarraingteach agus faisnéiseach ar fáil ina ndearnadh plé agus staidéar ar stair na nDeich mBliana de Chomóradh an Chéid i gContae Dhún na nGall. Fuair na tionscadail tacaíocht ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoi Thionscnamh na nDeich mBliana de Chomóradh an Chéid 2012-2023. Tá comóradh déanta ag an Rannán Cultúir ar na Deich mBliana de Chomóradh an Chéid le taispeántais, foilseacháin, gníomhaíochtaí agus imeachtaí ó bhí 2012 ann i leith. Tá ceangal agus tábhacht ar leith ag baint le himeachtaí na Deich mBliana i nDún na nGall, ón Chéad Chogadh Domhanda nuair a chaill na céadta fear óg as gach cuid den Chontae a mbeatha, go dtí tionchar na Deighilte a mhothaítear go fóill in go leor gnéithe den saol go dtí an lá inniu. Seo a leanas na tionscadail a soláthraíodh in 2021:

# Decade of Centenaries

In 2021 the Culture Division, Donegal County Council delivered a series of engaging and informative projects exploring the history of the Decade of Centenaries in County Donegal. The projects were supported by the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media under the Decade of Centenaries 2012-2023 Initiative. The Culture Division has commemorated the Decade of Centenaries with exhibitions, publications, activities and events since 2012. The events of the Decade are of particular resonance in Donegal, from the First World War when hundreds of young men from every part of the County lost their lives, to the impact of Partition which is still felt in many aspects of life up to the present day. The projects delivered in 2021 were as follows:





*Legnathraw le Ann Quinn, Ealaíontóir Gairmeacha Oscailte*

*Legnathraw by Ann Quinn, Open Call Artist*

## Ealaíontóir Cónaitheach

Rinneadh Margaret Hannon a choimisiúnú chun bheith ag obair le Cartlanna an Chontae agus le Músaem Chontae Dhún na nGall mar Ealaíontóir Cónaithe chun saothar ealaíonta nua a chruthú bunaithe ar a mbailiúcháin d'ábhar ón tréimhse 1919-1923. Is aisteoir, scríbhneoir agus déantóir amharclainne í Margaret. Tá an dráma *One People* mar thoradh ar a seal cónaitheachta, a insíonn scéal faoi bhean atá faoi bhrón ag bás agus a bhfuil sraith teagmhálacha aici le taibhsí ón tréimhse a bhaineann le Deich mBliana de Chomóradh an Chéid, agus a thugann dúshlán a cuid réamhthuairimí agus réamhchlaontaí faoin am atá thart. Bhí scata beag aisteoirí áitiúla páirteach sa dráma agus léiríodh é sa Mhúsaem i mí na Samhna.

## Artist in Residence

Margaret Hannon was commissioned to work with the County Archives and Donegal County Museum as Artist in Residence to create new artistic work in response to their collections of material from the period 1919-1923. Margaret is an actor, writer and theatre maker. The result of her residency is a drama, *One People*, which tells the story of a grieving woman who has a series of encounters with ghosts from the Decade of Centenaries who challenge her preconceptions of the past. The drama involved a small cast of local actors and was performed in the Museum in November.

## Iniúchadh ar Chuimhneacháin

Choimisiúnaigh Músaem Contae Dhún na nGall agus an Oifig Oidhreachta MacConmara Heritage Consulting chun tabhairt faoi iniúchadh ar chuimhneacháin a bhaineann leis na Deich mBliana de Chomóradh an Chéid 1919-1923 agus a raibh rochtain phoiblí orthu. Thug siad faoi phróiseas comhairliúcháin phoiblí chomh maith le taighde domhain a raibh iniúchadh cuimsitheach mar thoradh air lena n-áirítear tuarascáil agus bunachar sonraí. Áiríodh sa tionscadal cuimhneacháin a bhain le Cogadh na Saoirse, le Cogadh na gCarad agus leis an Chéad Chogadh Domhanda. Aithníodh 81 cuimhneachán éagsúil.

## Audit of Memorials

Donegal County Museum and the Heritage Office commissioned MacConmara Heritage Consulting to undertake an audit of publicly accessible memorials relating to the Decade of Centenaries 1919-1923. They undertook a public consultation process as well as in-depth research which resulted in a comprehensive audit including a report and database. The project included memorials relating to the War of Independence, Civil War and World War I. 81 different memorials were identified.

## Bordering Realities - Tionscadal Beochaintí

Mar chuid den tionscadal trasteorann Bordering Realities faoi stiúir Chomhairle Contae Mhuineacháin, coimisiúnaíodh *Rezolve Media* chun 5 scannán bheochana a sholáthar, ag plé le scéalta le linn Chogadh na Saoirse ó réigiúin na teorann i nDún na nGall, Muineachán, Doire, Ard Mhacha agus Fear Manach. Beidh an tionscadal seo ar siúl thar thréimhse 3 bliana.

## Bordering Realities – Animation Project

*Rezolve Media* were commissioned to deliver 5 animated films, exploring stories during the War of Independence from the border regions of Donegal, Monaghan, Derry, Armagh and Fermanagh as part of the Bordering Realities cross-border project led by Monaghan County Council. This project will take place over a 3 year period.



*Ar chlé: Cumann na mBan, Annagry, Co Donegal 1922; L-R, Mary Phaidí, Annie William, Biddy William, Roise Jimmy Theague, Mary William*
Grianghraf: Músaem Chontae Dhún na nGall

*Left: Cumann na mBan, Annagry, Co Donegal 1922; L-R, Mary Phaidí, Annie William, Biddy William, Roise Jimmy Theague, Mary William*
Photograph: Donegal County Museum

*'Ar dheis: Turas Fíorúil Taispeántais ó Choimhlint go Rannán*
Grianghraf: Músaem Chontae Dhún na nGall

*Right: Virtual Tour of exhibition From Conflict to Division*
Photograph: Donegal County Museum



## Staraí Cónaitheach

Coimisiúnaíodh an Dr Ben Rogers chun bheith ag obair le Cartlann an Chontae mar staraí cónaitheach. Rinne sé taighde ar dhá cheann de Bhailiúcháin Cartlainne an Chontae, Bailiúchán Joseph Murray agus leabhair mhiontuairiscí roghnaithe de chuid na Comhairle Tuaithe & Ceantair Uirbigh ó 1918 – 1925. Sé cinn d'aistí inmholta agus sraith cainteanna ar líne atá mar thoradh ar an taighde.

## Glao Oscailte chuig Ealaíontóirí

Coimisiúnaíodh Ann Quinn chun dhá phictiúr a chruthú ina ndéantar machnamh ar ghnéithe den saol i nDún na nGall le linn na tréimhse 1919-1923. In 2020 fuair Ann Dámhachtain Sparánachta d'Ealaíontóirí ó Chomhairle Ealaíon na hÉireann agus bhí a saothar ar taispeáint roimhe seo i ndánlanna ar fud na hÉireann agus ag Taispeántas Bliantúil an RHA gach bliain ó 2004 i leith. Oibríonn sí óna stiúideo ealaíontóra féin i mBaile Uí Leannáin, Baile Suingean. Is iad mná Dhún na nGall agus tithe Dhún na nGall, le linn na tréimhse 1919-1923, téama na bpictiúr. Tá *Legnathraw*, ola ar chanbhás, bunaithe ar sheanteach i mbaile fearainn beag Lag na Trá, taobh amuigh de Bhaile Suingean. Tá an pictiúr suite sa Samhradh. Tá *Meenagrauv*, ola ar chanbhás, bunaithe ar sheanteachín i mbaile fearainn Mín na gCnámh taobh amuigh de Shrath an Urláir. Tá an pictiúr suite sa Gheimhreadh.

## Turas Fíorúil ar an Taispeántas – Ó Choimhlint go Deighilt, Dún na nGall 1919-1925

D'oibrigh Músaem Chontae Dhún na nGall le Paul Marshall ó Visual Arts Media chun turas fíorúil a fhorbairt ar an taispeántas *Ó Choimhlint go Deighilt, Dún na nGall 1919-1925*. Cuimsíonn sé seo turas 360 céim ar an taispeántas le cumas súmáil isteach ar gach painéal taispeántais agus ar roinnt déantán roghnaithe sa taispeántas. Beidh an turas fíorúil ar fáil trí shuíomh gréasáin na Comhairle in 2022.

## Historian in Residence

Dr Ben Rogers was commissioned to work with the County Archives as historian in residence. He carried out research on two of the County Archives Collections, the Joseph Murray Collection and selected Rural & Urban District Council minute books from 1918 – 1925. The outcome of the research is six publishable essays and a series of online talks.

## Open Call to Artists

Ann Quinn was commissioned to create two paintings reflecting on aspects of life in Donegal during the period 1919-1923. In 2020 Ann received an Artist Bursary Award from the Arts Council of Ireland and has previously exhibited in galleries throughout Ireland and at the RHA Annual Exhibition every year since 2004. She works from her own artist's studio at Ballylennan, St. Johnston. The theme of the paintings is Donegal women and Donegal homes, during the period 1919-1923. *Legnathraw*, oil on canvas, is based on an old house in the small townland of Legnathraw, outside St. Johnston. The painting is set in Summer. *Meenagrauv*, oil on canvas, is based on an old cottage in the townland of Meenagrauv outside Stranorlar. The painting is set in Winter.

## Virtual Tour of the Exhibition - From Conflict to Division Donegal 1919-1925

Donegal County Museum worked with Paul Marshall of Visual Arts Media to develop a virtual tour of the exhibition *From Conflict to Division, Donegal 1919-1925*. This includes a 360 degree tour of the exhibition with the ability to zoom in on each exhibition panel as well as on a select number of artefacts in the exhibition. The virtual tour will be available through the Council website in 2022.

## Clár na Léachtaí

D'eagraigh an tSeirbhís Leabharlainne sraith léachtaí ar líne, a thug idir shaineolaithe áitiúla agus shaineolaithe náisiúnta araon, inar pléadh téamaí éagsúla a bhaineann leis an tréimhse réabhlóideach. Bhí an tsraith ar siúl ó Mheitheamh go Meán Fómhair agus bhí sé saor in aisce do gach duine. Léiríodh cuid de na léachtaí beo ar líne mar seo a leanas:

- Liz Gillis, 24 Meitheamh; *Children during the War of Independence*
- Myles Dungan, 15th Iúil; *What did you do in the War of Independence, Grandad?*
- Sinead McCoole, 9 Meán Fómhair; *How to Research and Write an Irish Family History*

Taispeánadh na cainteanna seo a leanas den chéad uair ar chainéal YouTube Chomhairle Contae Dhún na nGall agus tá siad ar fáil le feiceáil am ar bith:

- Kieran Kelly, údar agus staraí áitiúil; 22 Iúil; From *Nationalism to Republicanism - Letterkenny in the Decade of Change*
- An tOllamh Edward Burke, Ollamh Cúnta i dtaca le Caidrimh Idirnáisiúnta in Ollscoil Nottingham; 29 Iúil; *Closing the Gates: Loyalist Paramilitaries and Resistance in County Donegal, 1920-1923*
- Helen Meehan, údar agus staraí áitiúil; 16 Meán Fómhair; *The History and legacy of Cumann na mBan in Donegal*
- An Dr Niamh Hamill ón Institiúid Staidéir Thar Lear; 23 Meán Fómhair; *Broken Promises – Nationalism, Gender and the New Republic*
- Seosamh Ó Ceallaigh, údar agus staraí áitiúil; 30 Meán Fómhair; *The War of Independence in Cloughaneely*

## Lecture Programme

The Library Service organised a series of online lectures delivered by both local and national experts exploring a variety of themes connected to the revolutionary period. The series ran from June to September and was free to everyone. Some of the lectures were performed live on-line as follows:

- Liz Gillis, 24th June; *Children during the War of Independence*
- Myles Dungan, 15th July; *What did you do in the War of Independence, Grandad?*
- Sinead McCoole, 9th September; *How to Research and Write an Irish Family History*

The following talks were premiered on the Donegal County Council YouTube channel and are available to view at any time:

- Kieran Kelly, author and local historian; 22nd July; *From Nationalism to Republicanism* - Letterkenny in the Decade of Change
- Professor Edward Burke, Assistant Professor in International Relations at Nottingham University; 29th July; *Closing the Gates: Loyalist Paramilitaries and Resistance in County Donegal, 1920-1923*
- Helen Meehan, author and local historian; 16th September; *The History and legacy of Cumann na mBan in Donegal*
- Dr Niamh Hamill of the Institute of Study Abroad; 23rd September; *Broken Promises – Nationalism, Gender and the New Republic*
- Seosamh Ó Ceallaigh, author and local historian; 30th September; *The War of Independence in Cloughaneely*

## Wainfest: Féile Ealaíon agus Leabhar do Pháistí

I mí Dheireadh Fómhair, le linn *Wainfest*, d'eagraigh an tSeirbhís Leabharlainne roinnt imeachtaí faoi théama na nDeich mBliana de Chomóradh an Chéid. Ina measc bhí na húdair Ann Murtagh agus Brian Gallagher agus na staraithe Liz Gillis agus Ida Milne. Rinne John D Ruddy, Cruthaitheoir na sraithe staire *YouTube Manny Man Does History*, agus Michael Moylan as Irish History Live, cur i láthair beo ar líne. Ghlac 1496 dalta páirt in imeachtaí scoile de chuid na nDeich mBliana de Chomóradh an Chéid le linn *Wainfest*.

## Bunachar Sonraí na Chéad Chogadh Domhanda bunaithe ar Leabhar Onóra Chontae Dhún na nGall

D'fhorbair an Músaem, ag obair le Rannóg na gCóras Faisnéise den Chomhairle, bunachar sonraí ar líne ina raibh na liostaí ar fad a foilsíodh i Leabhar Onóra Chontae Dhún na nGall, An Cogadh Mór 1914-1918. Tá eolas sa bhunachar inchuardaithe faoi gach duine as Dún na nGall a fuair bás de thoradh an Chogaidh, lena n-áirítear ainm, uimhir sheirbhíse agus áit bhreithe. Is féidir an bunachar sonraí a nuashonrú de réir mar a nochtfar faisnéis nua agus beidh rochtain ag an phobal air in 2022.




*Cuimhneachán ar an gConstábla Charles McGee ón Audit of Memorials*

*Memorial to Constable Charles McGee from the Audit of Memorials*



## Wainfest Children's Arts and Book Festival

In October, during *Wainfest*, the Library Service organised a number of events under the theme of the Decade of Centenaries. These included talks by authors Ann Murtagh and Brian Gallagher and historians Liz Gillis and Ida Milne. There were educational live online presentations by John D Ruddy, Creator of the YouTube history series *Manny Man Does History* and by Michael Moylan of Irish History Live. 1496 pupils participated in the Decade of Centenaries school events during *Wainfest*.

## WWI Database based on the County Donegal Book of Honour

The Museum, working with the Information Systems Section of the Council, developed an online database containing all the listings published in the County Donegal Book of Honour, The Great War 1914-1918. The searchable database contains information on each person from Donegal who died as a result of the War including, name, service number and place of birth. The database can be updated as new information is uncovered and will be made publically accessible in 2022.

*Joseph Murray c. 1921-23. P/183/10/2*
Cartlanna Chontae Dhún na nGall

*Joseph Murray c. 1921-23. P/183/10/2*
Donegal County Archives collection

# Seirbhís Leabharlainne

Cuireann Seirbhís Leabharlainne Dhún na nGall rochtain ar fáil ar líonra náisiúnta de níos mó ná 333 leabharlann agus ar níos mó ná 15 milliún earra stoic, chomh maith le bailiúchán náisiúnta de ríomhleabhair agus leabhair ríomh-chlosamhairc, nuachtáin ar líne, irisí, ábhar tagartha, cúrsaí teanga agus cúrsaí foghlama.

Le linn 2021, lean an tSeirbhís Leabharlainne uirthi ag déanamh oiriúnú ar an dóigh ar sholáthair sí seirbhísí chun treoir an Rialtais a chur san áireamh maidir leis na leibhéil éagsúla srianta mar thoradh ar phaindéim COVID -19. Ag leibhéil éagsúla chuir muid ar fáil: Seirbhísí Seachadta ar Leac an Dorais, Teagmháil agus Bailigh, Brabhsáil agus Iasacht lena n-áirítear úsáid ríomhairí, Wi-Fi agus áiseanna staidéir; chomh maith le leanúint ar aghaidh ag tairiscint, ag cur chun cinn agus ag leathnú na seirbhísí a chuirimid ar fáil ar líne – lena n-áirítear acmhainní breise ar líne agus an clár imeachtaí ar líne a leathnú.

Chonaic an tSeirbhís Leabharlainne fás leanúnach ollmhór in úsáid acmhainní ar líne i rith na bliana, agus tháinig méadú breis is 57% ar úsáid ríomh-chlosleabhar amháin idir 2020 agus 2021.

# Library Service

Donegal Library Service provides access to a national network of over 333 libraries and over 15 million items of stock as well as a national collection of e-books and e-audio books, online newspapers, magazines, reference material, language and learning courses.

During 2021, the Library Service continued to adapt the way it delivered services to take account of Government guidance for the different levels of restrictions as a result of the COVID-19 pandemic. At various levels we provided: Doorstep Delivery Services, Contact and Collect, Browse and Borrow including computer use, WiFi and study facilities; as well as continuing to offer, promote and extend the services we offered online – including additional online resources and expanding the online events programme.

The Library Service continued to see a huge growth in the use of online resources throughout the year, with the use of e-audio books alone growing by over 57% between 2020 and 2021.






*Bailiúchán de staidéir áitiúla ar fáil le brabhsáil ag an Lárleabharlann, Leitir Ceanainn*
Grianghraf: Paul McGuckin

*Local studies collection available to browse at Central Library, Letterkenny*
Photograph: Paul McGuckin

## Seachtain na Gaeilge

Seoladh an fhéile Ghaeilge ar líne ar an 26 Feabhra. I ndiaidh an tseolta bhí ceolchoirm ar líne le Caitlín Nic Gabhainn agus Ciarán Ó Maonaigh. Bhí clár iomlán ar siúil don fhéile, a bhí ar siúl go dtí an 21 Márta, lena n-áirítear seisiúin scéalaíochta, léitheoireachta agus plé, taispeántais chócaireachta, comórtais amhránaíochta agus ghrianghrafadóireachta chomh maith le léamha filíochta agus grúpaí comhrá. D'fhreastail beagnach 4,000 duine ar imeachtaí na leabharlainne ar líne le linn choicís na féile.

## Forbairt Scileanna Foirne na Leabharlainne

I rith na bliana, thug foireann na leabharlainne faoi chlár oiliúna leathan agus éagsúil ar líne a d'eagraigh an tAonad Forbartha Leabharlann, An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil. Chlúdaigh an clár oiliúna réimsí amhail na Meáin Shóisialta agus Cur Chun Cinn na Leabharlainne ar Líne, Imeachtaí ar Líne a Éascú agus Idirghabháil a dhéanamh leo agus Scileanna Ceannaireachta agus Cumarsáide.

## Seachtain na Gaeilge

The Irish language festival was launched online on the 26th of February. The launch was followed by an online concert with Caitlín Nic Gabhainn and Ciarán Ó Maonaigh. The festival which ran until the 21st of March, had a full programme including storytelling, read and discuss sessions, cookery demonstrations, singing and photography competitions as well as poetry readings and conversation groups. Almost 4,000 people attended the online library events during the two weeks of the festival.

## Library Staff Skills Development

Throughout the year, library staff undertook a wide and varied online training programme organised by the Libraries Development Unit, LGMA. The training programme ranged from Social Media and Online Library Promotion to Facilitating and Mediating Online Events to Leadership and Communications Skills.

*Bunscoil Montessori Little Acorns ag tabhairt cuairt ar Leabharlann Phobail Bhun Cranncha chun "First 5 Little Library Bags" a bhailiú*
Griangraf: Foireann na Leabharlainne

*Little Acorns Montessori playschool visiting Buncrana Community Library to collect their "First 5 Little Library Bags"*
Photograph: Library Staff


Little Library
Little Library
Little Library
2m
PLEASE MAINTAIN A 2 METRE DISTANCE AT ALL TIMES

## An Clár - Ceart Chun Léitheoireachta

Déanann Seirbhís Leabharlainne Dhún na nGall, i gcomhar le heagraíochtaí comhpháirtíochta, *Plean Gníomhaíochta bliantúil um Cheart* chun Léitheoireachta a dhréachtú agus a chomhordú agus oibríonn sí leis na comhpháirtithe sin lena chur i bhfeidhm.

**Liostaítear roinnt buaicphointí ó 2021 thíos.**

### Léigh DG 2021

Roghnaíodh an leabhar *Brilliant*, le Roddy Doyle, údar Éireannach, mar leabhar le haghaidh Léigh DG 2021. Tá an leabhar dírithe ar théama na folláine. Reáchtáladh imeacht déag ar líne, agus chuir scoil áitiúil trí thaifead breise ar líne a chuir leis an chlár. Meastar gur fhreastail 16,790 leanbh agus duine óg ar na himeachtaí seo ar líne trína gcuid scoileanna. Chuir na hagallóirí áitiúla Evie O'Donnell agus Jack Myers agallamh ar Roddy Doyle chun clabhsúr a chur leis an chlár.

Is gníomh é Léigh Dún na nGall de chuid Phlean CYPSC Dhún na nGall agus sa Phlean um Cheart Chun Léitheoireachta i nDún na nGall, agus reáchtáiltear é i gcomhpháirtíocht le BOO Dhún na nGall, an tSeirbhís Leabharlainne, ITLC, an Clár Críochnaithe Scolaíochta (SCP) agus Clár Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail (HSCL).

### Tionscnamh na Chéad 5: 'Mo Leabharlann Bheag'

Comhoibriú ar fud na tíre is ea Na *Chéad 5, Mo Leabharlann Bheag* idir an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLO), an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP) agus an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRA).

Chuaigh Leabharlanna Dhún na nGall i dteagmháil le suíomhanna áitiúla Luathfhoghlama agus Cúraim (ELC), Iar-bhunscoileanna agus feighlithe leanaí le linn mhí Aibreáin agus mhí na Samhna 2021 chun málaí leabhar

## Right to Read Programme

Donegal Library Service, with partner organisations, draws up and coordinates an annual local *Right to Read Action Plan* and works with those partners towards its implementation.

**Some highlights of 2021 are listed below.**

### Read DL 2021

The book selected for Read DL 2021 was *Brilliant*, by Irish author Roddy Doyle. The book focused on the theme of well-being. Eleven online events took place, with three additional online recordings compiled by a local school adding to the programme. An estimated 16,790 children and young people attended these online events through their schools. Roddy Doyle was interviewed for the grand finale by local interviewers Evie O'Donnell and Jack Myers.

Read DL is an action of the Donegal CYPSC Plan and Donegal Right to Read plan, and is run in partnership between Donegal ETB, the Library Service, LYIT, School Completion Programme (SCP) and Home School Community Liaison (HSCL).

### First 5 Little Library Initiative

*First 5 Little Library* is a nationwide collaboration between the Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth (DCEDIY), the Department of Rural and Community Development (DRCD) and the Local Government Management Agency (LGMA).

Donegal Libraries liaised with local Early Learning and Care (ELC) settings, After-schools and child-minders during April and November 2021 to distribute free book bags and an opportunity to register for library membership as part of the *First 5 Little Library* initiative.

saor in aisce a dháileadh mar aon le deis clárú do bhallraíocht leabharlainne mar chuid den tionscnamh *Na Chéad Cúig, Mo Leabharlann Bheag*.

Faoin tionscnamh seo, tugadh cuireadh do níos mó ná 4,500 suíomh luathfhoghlama agus cúraim ar bhonn náisiúnta, málaí leabhar agus acmhainní eile saor in aisce a bhailiú óna leabharlann áitiúil. Ba í an aidhm ná grá do leabhair agus don léitheoireacht a spreagadh i measc leanaí óga, agus comhoibriú méadaithe idir leabharlanna agus Ionaid Luathfhoghlama. Áiríodh sa Leabharlann Bheag roinnt leabhar agus acmhainní eile, ina measc leabhar a cuireadh le chéile go háitiúil *Babbling Babies: leabhar rannta agus amhrán gníomhaíochta ilteangach* a forbraíodh le comhpháirtithe CYPSC anseo i nDún na nGall. Chuir ár Seirbhís leabharlainne 446 mála *Leabharlann Bheag* ar fáil do sholáthraithe áitiúla cúram leanaí le málaí breise ar fáil le tabhairt ar iasacht ón líonra leabharlainne.

## Wainfest: Féile Ealaíon agus Leabhar do Pháistí

Bhí *Wainfest* ar siúl ón 2 go dtí an 10 Deireadh Fómhair. Tá an fhéile ríthábhachtach chun tacú le forbairt litearthachta do leanaí agus dá dteaghlaigh ar fud Chontae Dhún na nGall. Mar chuid de chur chuige comhordaithe agus inbhuanaithe go háitiúil, chinntigh an clár leathan ildánach go raibh rud éigin ann do gach duine. Reáchtáladh 104 imeacht san iomlán le linn na féile a mhair seachtain. Ghlac 13,387 duine ar fad páirt in Wainfest i mbliana. Tá tuilleadh eolais ar an fhéile ar fáil ag www.wainfest.ie.

## Cláir eile a bhaineann leis an Cheart Chun Léitheoireachta

Reáchtáil an tSeirbhís leabharlainne imeachtaí i rith na bliana mar chuid de *Scéalaíocht an Earraigh, Eachtraíocht Léitheoireachta Réalta an tSamhraidh, Seachtain na hEolaíochta* agus *Am Teaghlaigh i do Leabharlann Áitiúil.*

Under this initiative more than 4,500 early learning and care settings nationally were invited to collect free book bags and other resources from their local library. The aim was to encourage a love of books and reading among young children, and increased collaboration between libraries and ELCs. The Little Library included a number of books and other resources, including our own locally produced *Babbling Babies: multilingual nursery rhyme and action song book* which was developed with CYPSC partners here in Donegal. Our Library Service made available 446 *Little Library* bags to local childcare providers with additional bags available for borrowing from the library network.

## Wainfest, Children's Arts and Book Festival

*Wainfest* ran from the 2nd to the 10th October. The festival is key to supporting literacy development for children and their families across County Donegal. As part of a locally coordinated and sustainable approach, the hybrid and versatile line-up ensured there was something for everyone. A total of 104 events were held during the week-long festival. Total participation for Wainfest this year was 13,387. More information on the festival is available at www.wainfest.ie.

## Other Right to Read Programmes

Throughout the year the Library Service held events as part of *Spring into Storytime, Summer Stars Reading Adventure, Science Week* and *Family Time at Your Library.*

## Feachtas ‘Go dTé Tú Slán’

Chuir 53 scoláire Idirbhliana ó Dhún na nGall, faoi threoir an éascaitheora Denise Blake, leabhar iontach le chéile *Mute Unmute* mar chuid d’Fheachtas *‘Go dTé Tú Slán’ de chuid Pobal CRF*. Roinn na scoláirí a gcuid smaointe ar COVID 19 agus an dóchas agus aislingí atá acu don todhchaí trí shraith ceardlann ar líne. Tá an leabhar a d’eascair as seo machnamhach agus léargasach, agus tá sé ar fáil saor in aisce ón tseirbhís leabharlainne.

Ina theannta sin, d’oibrigh an tSeirbhís Leabharlainne i gcomhar leis an Chomhaontas ar son Daoine Níos Sine leis an ealaíontóir cáiliúil as Dún na nGall, Ann Quinn, chun sraith ceardlann sheachtainiúil ealaíne ar líne a chur i láthair do dhaoine aosta agus do dhaoine faoi mhíchumas. Bhí na ranganna ealaíne ar siúl ar líne thar thréimhse 5 seachtaine. Mhair na ranganna uair an chloig le huasmhéid de 6 rannpháirtí in aghaidh an ghrúpa. Ba *Home and Place* téama na gceardlann. Choimhéad rannpháirtithe ar Ann ag péinteáil ina stiúideo agus iad i mbun a gcuid ealaíne féin. Chomh maith leis na buntáistí teiripeacha a bhaineann le péintéireacht bhí gné shóisialta leis na ranganna agus dhéanadh Ann comhrá leis na rannpháirtithe agus chuir sí aithne orthu thar an tréimhse 5 seachtaine.

## Éire Shláintiúil ag do Leabharlann

Reáchtáladh 22 imeacht ar líne mar chuid den chlár *Éire Shláintiúil ag do Leabharlann*. I measc na gcainteoirí bhí an Dr Mary O’Kane (féinmheas a thógáil), an Síceolaí Louise Shanagher (aireachas cruthaitheach), an Dr Malie Coyne (ag tacú le déagóirí imníocha), an Dr Catherine Riordan (aosú dearfach) agus an Dr Emma Yhnell (d’inchinn a choinneáil sláintiúil). Tá sé mar aidhm ag Éire Shláintiúil feasacht ar mheabhairshláinte, ar shláinte choirp agus ar bhia sláintiúil a chur chun cinn. Chomh maith le réimse imeachtaí a óstáil, soláthraíonn leabharlanna rochtain ar leabhair agus ar ríomhleabhair a bhaineann le sláinte.

## Keep Well Campaign

53 Transition Year students from Donegal, under the guidance of facilitator Denise Blake, produced a wonderful book *Mute Unmute* as part of the Pobal *CRF Keep Well Campaign* during 2021. The students shared their thoughts on COVID–19 and their hopes and dreams for the future via a series of online workshops. The resulting book is thought-provoking and insightful, and available free of cost from the library service.

In addition, the Library Service in partnership with the Age Friendly Alliance, worked with renowned Donegal artist, Ann Quinn, to present a series of weekly online art workshops for older people and people with disabilities. The art classes took place online over a 5-week period. Classes lasted one hour with a maximum 6 participants per group. The theme of the workshops was *Home and Place*. The participants watched Ann paint in her studio while doing their own art. As well as the therapeutic benefits of painting there was a social aspect to the classes as Ann chatted and got to know the participants over the course of the 5 weeks.

## Healthy Ireland at Your Library

22 online events were held as part of the *Healthy Ireland at Your Library* programme. Speakers included Dr Mary O’Kane (building self-esteem), Psychologist Louise Shanagher (creative mindfulness), Dr Malie Coyne (supporting anxious teens), Dr Catherine Riordan (positive ageing) and Dr Emma Yhnell (keep your brain healthy). Healthy Ireland aims to promote awareness of mental health, physical health and healthy eating. As well as hosting a range of events, libraries provide access to health-related books and eBooks.




*Seoladh Wainfest 2021 ag Ionad Oidhreachta Cholmcille, Gartán le cabhair ó mhic léinn shinsearacha ó Scoil Náisiúnta Ghartáin in aice láimhe*
Grianghraf: Paul McGuckin

*Launch of Wainfest 2021 at Colmcille Heritage Centre, Gartan with the help of senior students from nearby Gartan National School*
Photograph: Paul McGuckin

## Ciste na gCuntas Díomhaoin

D'éirigh le Seirbhís Leabharlainne Dhún na nGall 90% de chúnamh deontais a fháil ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (Ciste na gCuntas Díomhaoin) chun tacú le bearta atá leagtha amach in *Ár Leabharlanna Poiblí 2022*. Chuir Comhairle Contae Dhún na nGall 10% de chistiú meaitseála ar fáil. Seo a leanas an dá thionscadal a ceadaíodh do Dhún na nGall:

### An Tionscadal Tiontú Leathanaigh

Reáchtáil an tSeirbhís Leabharlainne an *Tionscadal Tiontú Leathanaigh* ar éirigh go hiontach leis ó Mheán Fómhair go Samhain 2021. Coimisiúnaíodh comhordaitheoir chun plean a fhorbairt, chun teagmháil a dhéanamh le scoileanna DEIS agus chun saineolaithe ar litríocht leanaí a aimsiú chun ceardlanna taitneamhacha, spreagúla spéisiúla a chur ar fáil chun léitheoireacht, litearthacht agus úsáid leabharlainne a chur chun cinn. Chláraigh 53 (50%) bunscoil DEIS don tionscadal. Chláraigh 236 scáileán do na 26 ceardlann ar líne (4,476 rannpháirtí). Lena chois sin reáchtáladh sé cheardlann fhisiciúla i gceithre scoil mar chuid den tionscadal agus d'fhreastail 525 rannpháirtí orthu.

### Acmhainní do Leanaí a bhfuil Siondróm Down orthu

Fuair an tSeirbhís Leabharlainne maoiniú €6,760 chun rochtain a sholáthar ar dhá acmhainn an-úsáideach do leanaí a bhfuil Siondróm Down orthu. Tá na hacmhainní, *Féach agus Foghlaim agus Numicon*, ar fáil i gcúig leabharlann ar fud an Chontae. D'oibrigh an tSeirbhís Leabharlainne le Siondróm Down Éireann Ireland leis na hacmhainní a roghnú. Tá pleananna ar bun chun clár oiliúna a chur i bhfeidhm go céimneach don fhoireann agus d'úsáideoirí, i gcomhar le *Siondróm Down Dhún na nGall*.

## Eoraip Dhíreach Leitir Ceanainn

Tá *Eoraip Dhíreach* Leitir Ceanainn lonnaithe i Lárleabharlann Leitir Ceanainn agus tá ionad satailíte acu i Leabharlann Phobail Ghaoth Dobhair. Is é is cuspóir dó rochtain éasca ar fhaisnéis faoin AE a chur chun cinn, agus plé agus díospóireacht a spreagadh trí sholáthar agus imeachtaí faisnéise. I measc bhuaicphointí na bliana seo bhí athsheoladh an Ionaid ag Cathaoirleach Chomhairle Contae Dhún na nGall, an Comhairleoir Jack Murray agus an t-aoi speisialta Maria Walsh FPE, réamhbhabhtaí réigiúnacha *Chomórtas na mBoscaí Soip agus an Comhphlé Saoránach* le daltaí Idirbhliana ar an Daonlathas agus Imirce na hEorpa.

*Tá Máirín Uí Fhearáin atá in aois a chéid ag baint tairbhe as an tSeirbhís Seachadta Doirse atá Leabharlann Contae Dhún na nGall a chur ar fáil. Tá Máirín le feiceáil sa phictiúr anseo le rogha leabhar atá léite aici thar am an dianghlasála.*
Grianghraf: Gan ainm

*Buncrana's own centenarian Mrs Maureen Farren aged 101 years availing of the Donegal County Library Doorstep Delivery Service. Maureen is pictured here with a selection of books she has read over lockdown.*
Photograph: Anonymous






*Leabhar á fhiosrú ag an Lárleabharlann*
Grianghraf: Paul McGuckin

*Checking out a book at Central Library*
Photograph: Paul McGuckin

## Dormant Accounts Fund

Donegal Library Service was successful in getting 90% grant assistance approved from the Department of Rural and Community Development (Dormant Accounts Fund) to support measures set out in *Our Public Libraries 2022*. Donegal County Council provided 10% match-funding. The two projects approved for Donegal were:

### Page Turner Project

The Library Service ran a hugely successful *Page Turner* Project from September to November 2021. A coordinator was commissioned to develop a plan, engage with DEIS schools and source experts in children's literature to deliver enjoyable, inspiring and engaging workshops to promote reading, literacy and library use. A total of 53 (50%) of DEIS primary schools registered for the project with 236 screens joining in for the 26 online workshops (4,476 participants). Six in-person workshops were also delivered to four schools as part of the project, with 525 participants attending.

### Resources for Children with Down Syndrome

The Library Service received funding of €6,760 to provide access to two very useful resources for children with Down Syndrome. The resources, *See and Learn and Numicon*, are available in five libraries across the County. The Library Service worked with Down Syndrome Ireland on the selection of the resources. Plans are underway to rollout a programme of training to staff and users, in partnership with *Down Syndrome Donegal*.

## Europe Direct Letterkenny

*Europe Direct* Letterkenny is based in Central Library, Letterkenny and has a satellite centre in Leabharlann Phobail Ghaoth Dobhair. Its objective is to promote easy access to information about the EU, and to stimulate discussion and debate through information provision and events. This year's highlights included the Centre's re-launch by the Cathaoirleach of Donegal County Council, Councillor Jack Murray and special guest Maria Walsh MEP, the regional heats of the *Soap Box Competition and the Citizen Dialogues* with Transition Year students on the topics of Democracy and European Migration.

## Colmcille 1500

Chun comóradh 1500 bliain a dhéanamh ar bhreith Cholmcille i nGartán, Contae Dhún na nGall, choimisiúnaigh an tseirbhís leabharlainne Ionad Foghlama Cruthaithí (IFC) na Nerve Centre (CLC) chun obair le bunscoileanna ar thionscadal béaloidis dhigitigh, i gcomhpháirtíocht le húdaráis leabharlainne i Sligeach, sa Mhí agus i dTuaisceart Éireann (Leabharlanna TÉ). Scrúdaigh páistí ó 20 bunscoil, cúig cinn ó gach údarás áitiúil, Cnuasach Bhéaloideas Éireann do scéalta a bhain le Colm Cille. D'oibrigh an IFC go dlúth leis na múinteoirí ainmnithe ó gach scoil, á n-oiliúint ar an dóigh le beochan dhigiteach a chruthú lena rang, ón bhunsmaoineamh, ag cruthú sócmhainní chun beochan agus eagarthóireacht a dhéanamh. Bhí na seisiúin ar fad ar siúl ar líne. Mar thoradh ar an tionscadal bhí ócáid sárthaispeántais ar líne ar YouTube agus seoladh beo ar thionscadal Dhún na nGall mar chuid den cheiliúradh foriomlán ar bhreithlá Cholm Cille, in Ionad Oidhreachta Cholm Cille i nGartán, ar an 7 Nollaig.  Mar chuid den tionscadal forbraíodh úrscéal grafach fosta, agus is féidir an t-úrscéal grafach agus na beochaintí digiteacha a fheiceáil ag https://www.donegallibrary.ie/ie/aitiuilteaghlaighstair/. Ba iad Comhairle Contae Dhún na nGall, Éire Ildánach agus Ciste Forbartha an Iarthuaiscirt a chómhaoinigh an tionscadal.

Chuir an tSeirbhís Leabharlainne sraith léachtaí ar líne i láthair fosta ar shaol agus oidhreacht Naomh Colm Cille. Chuir an tsraith léachtaí, dar teideal *Books and Beyond*, plé agus cur i láthair tarraingteach ar fáil ó chuid de na saineolaithe is cáiliúla in Éirinn ar Cholm Cille. Forbraíodh leabharliosta Cholm Cille fosta ina dtugtar sonraí faoi na leabhair ar fad a bhaineann le Colm Cille i mBailiúchán Léann Dhún na nGall sa leabharlann.

## Colmcille 1500

To commemorate the 1500th anniversary of the birth of Colmcille in Gartan, County Donegal, the library service commissioned The Nerve Centre Creative Learning Centre (CLC) to work with primary schools on a digital folklore project, in partnership with library authorities in Sligo, Meath and Northern Ireland (Libraries NI.) Children from 20 primary schools, five from each authority, examined the Schools' Folklore Collection for stories relating to Colmcille. The CLC worked closely with the designated teachers from each school, providing them training on how to create a digital animation with their class, from the initial idea, creating assets to animating and editing. All sessions took place online. The project culminated in an online showcase event on YouTube and a live launch of the Donegal project as part of the overall celebration on the birthday of Colmcille, in the Colmcille Heritage Centre in Gartan, on the 7th of December.  As part of the project a graphic novel was also developed, and both the graphic novel and the digital animations can be viewed at https://www.donegallibrary.ie/localfamilyhistory/ . The project was co-funded by Donegal County Council, Creative Ireland and the North West Development Fund.

The Library Service also presented a series of online lectures on the life and legacy of Saint Colmcille. The lecture series, entitled *Books and Beyond*, provided engaging discussions and presentations from some of Irelands best known Colmcille experts. A Colmcille bibliography was also developed providing details of all Colmcille related books held in the library's Donegal Studies Collection.

*Daltaí meánscoile i mbun gníomhaíochtaí ag imeachtaí de chuid Europe Direct Citizen's Dialogue ag an Lárleabharlann*
Griangraf: Clive Wasson

*Secondary school pupils getting stuck in at a Europe Direct Citizen's Dialogue events at Central Library*
Photograph: Clive Wasson

*Daltaí meánscoile i mbun gníomhaíochtaí ag imeachtaí de chuid Europe Direct Citizen's Dialogue ag an Lárleabharlann*
Grianghraf: Clive Wasson

*Secondary school pupils getting stuck in at a Europe Direct Citizen's Dialogue events at Central Library*
Photograph: Clive Wasson



*I measc na n-aisteoirí tá Ciaran McGlynn (Brendan), Liam Carney (Dochonna), Sean McGinley (Columba) agus Bosco Bogan (Grillaan), mar chuid de léiriú Amharclann an Ghrianáin de The Enemy Within le Brian Friel, a chonacthas i mí na Samhna mar chuid de chlár Cholmcille 1500*
Grianghraf: Daithi Ramsey, Amharclann an Ghrianáin

*Actors Ciaran McGlynn (Brendan), Liam Carney (Dochonna), Sean McGinley (Columba) and Bosco Bogan (Grillaan), in a scene from An Grianán Theatre's production of Brian Friel's The Enemy Within, seen in November as part of the Colmcille 1500 programme.*
Photograph: Daithi Ramsey, An Grianán Theatre





# Seirbhís Ealaíon

Tugann an tSeirbhís Ealaíon tús áite do chláir a chuireann ar chumas níos mó agus níos mó saoránach a bheith páirteach sna healaíona agus a thacaíonn le healaíontóirí agus le heagraíochtaí ealaíon chun saothar nua a chruthú agus a scaipeadh.

# Arts Service

The Arts Service prioritises programmes which enable more and a greater diversity of citizens to engage with the arts and which support artists and arts organizations in the creation and dissemination of new work.

*'Bhain lucht féachana teoranta, scartha go sóisialta, sult as léirithe le Shamen Delly (Angus Friel, nach maireann), Birgid Mae Power agus Súil Amháin (an file Séamas Barra Ó Suilleabháin agus an ceoltóir Robert Mulhern) ag Teach Solais Fhánada mar chuid d'Fhéile Ealaíne an Earagail i mí Iúil.*
Grianghraf: Donna El Aasaad

*'A restricted capacity, socially distanced audience enjoyed performances by Shamen Delly (the late Angus Friel), Birgid Mae Power and Súil Amháin (poet Séamas Barra Ó Suilleabháin and musician Robert Mulhern), at Fanad Lighthouse as part of Earagail Arts Festival in July.*
Photograph: Donna El Aasaad



## Clár Maoinithe Ioncaim na Comhpháirtíochta Straitéisí

Cuireadh maoiniú €107,000 ar fáil do líonra eagraíochtaí ealaíon – lena n-áirítear Ionad Ealaíon Balor agus Balor DCA, Bealach Féich; Ionad Ealaíon na Mainistreach, Béal Átha Seanaidh; Amharclann Ghaoth Dobhair, Artlink ar an Dún Riabhach, An Gailearaí ag Áislann Ghaoth Dobhair, An Cosán Glas, Gort a' Choirce agus Summer Palace Press, Cill Chartha.

## Scéim Sparánachtaí d'Ealaíontóirí

Chuir Scéim Sparánachtaí na Comhairle d'Ealaíontóirí sparánachtaí suas le €1,250 an ceann ar fáil do 47 de na hamharcealaíontóirí, ceoltóirí, drámadóirí agus scríbhneoirí gairmiúla sa chontae. Chuir na sparánachtaí tacaíocht ar fáil chun cur ar a gcumas a gcleachtais a chothú agus ag an am céanna aitheantas a thabhairt don obair ríthábhachtach a dhéanann siad ar son na sochaí agus na folláine.

## Féile Bhá Dhún na nGall agus na gCruach Gorm

Bhí an 21ú féile ar siúl i mí Dheireadh Fómhair, agus d'fhill sí ar léirithe beo, cé go raibh srianta suntasacha go fóill i bhfeidhm. I measc na mbuaicphointí bhí dráma Roseanne Lynch, *Zandra Queen of Jazz* ag Ionad Ealaíon na Mainistreach, ar shaol urghnách an cheoltóra Alexandra Mitchell, arbh as Teach na Cúile Móire, Ros Neamhlach, é.

I measc na mbuaicphointí eile bhí *The Bluestack Chorale's Songs for An Autumn Evening le Deborah Cunningham, Paul Martin agus Evan McGarrigle* in Ionad Paróiste Naomh Pádraig i nDún na nGall, agus ceithre eipeasóid nua den tsraith drámaíochta móréilimh *Drumshee Days*, a chraol *Dark Daughter Productions* gach Aoine le linn na féile.

## Strategic Partnership Revenue Funding Programme

Funding of €107,000 was provided to a network of arts organizations – including Balor Arts Centre and Balor DCA, Ballybofey; Abbey Arts Centre, Ballyshannon; Amharclann Ghaoth Dobhair, Artlink at Fort Dunree, An Gailearaí at Áislann Ghaoth Dobhair, An Cosán Glas, Gort a'Choirce and Summer Palace Press, Cill Chartha.

## Artists' Bursaries Scheme

The Council's Artists' Bursaries Scheme provided bursaries of up to €1,250 each to 47 of the county's leading professional visual artists, musicians, dramatists and writers. The bursaries provided support to enable them to sustain their practices while acknowledging the vital contribution they make to society and well-being.

## Donegal Bay and Blue Stacks Festival

The 21st festival took place in October, marking a welcome return to live performances, albeit with considerable restrictions still in place. Among the highlights were Roseanne Lynch's drama, *Zandra Queen of Jazz* at the Abbey Arts Centre, on the extraordinary life and times of musician Alexandra Mitchell, late of Coolmore House, Rossnowlagh.

Further highlights included *The Bluestack Chorale's Songs for An Autumn Evening with Deborah Cunningham, Paul Martin and Evan McGarrigle*, at Donegal's St. Patrick's Parish Centre, and four new episodes of the popular drama series *Drumshee Days*, broadcast by *Dark Daughter Productions* on consecutive Fridays during the festival.

## Oíche Chultúir

Bhí Oíche Chultúir ar siúl an 17 Meán Fómhair agus i gcodarsnacht le hócáid 2020 bhí clár beo ann den chuid is mó. Bhain lucht féachana de 600 duine taitneamh as ceithre léiriú den Alchemist le Grúpa Carnabhail Inis Eoghain i bPáirc Bhaile Leitir Ceanainn, agus thug an Dr. Proctor de chuid Orson Sterritt siamsaíocht do lucht féachana óg i bpreab-ollphuball sa Lárleabharlann.

Osclaíodh taispeántas an Mhúsaeim *Colm Cille – An Fear agus An Miotas* don phobal agus chuidigh cur i láthair de chuid Living History, is é sin Guthanna Ban as Dún na nGall ón Ré atá Thart, chun cur leis an ócáid. Bhí siúl mór daoine ar an Ionad Cultúrtha Réigiúnach, áit a raibh suas le 400 cuairteoir ag baint taitneamh as *Portráidí Coimeádaithe* le Peadar McDaid agus an tsraith taispeántas agus suiteálacha de chuid Turas.

## Culture Night

Culture Night took place on September 17th and in contrast to the 2020 event, it featured a predominantly live programme. A combined audience of 600 people safely enjoyed four performances of Inishowen Carnival Group's Alchemist at Letterkenny Town Park, while Orson Sterritt's Dr. Proctor entertained young audiences in a pop-up marquee at the Central Library.

The Museum's *Colmcille-Man and Myth* exhibition opened to the public and the event was complemented by a Living History presentation of Donegal Womens Voices from The Past. The RCC was a hive of activity with up to 400 visitors enjoying artist Peadar McDaid's curated *Portraits of Me* group show and the Turas series of exhibitions and installations.

## Ealaíona Poiblí


Lean an tSeirbhís Ealaíon ag cur comhairle agus cúnamh ar fáil d'Oifig Bhóithre Dhún na nGall maidir le saothair ealaíne poiblí a choimisiúnú ar feadh an N56. Suiteáladh píosa de chuid Niall Bruton faoin téama Naomh Colm Cille i gCill Mhic Réanáin, agus bronnadh an tríú coimisiún ar an tionscadal a bhain leis an athailíniú bóthair idir Tamhnach an tSalainn agus Inbhear.

## Public Art

The Arts Service continued to advise and assist the Donegal Roads Office in the commissioning of public art works along the N56. Niall Bruton's St. Colmcille-themed piece was installed at Kilmacrennan, while the commission for the third project on the route - that associated with the Mountcharles Inver realignment - was also awarded







*Orson Sterritt i mbun a seó Adventures of The Exotic Dr. Proctor ag an Lárleabharlann ar Oíche Chultúir i mí Mheán Fómhair*
Grianghraf: Clive Wasson

*Arts Image 5: Orson Sterritt performing his Adventures of The Exotic Dr. Proctor show at the Central Library on Culture Night in September*
Photograph: Clive Wasson

*'Bhain muintir Amadu, Leitir Ceanainn, an-sult as taispeántas Alchemist de chuid Ghrúpa Carnabhal Inis Eoghain i bPáirc Bhaile Bhearnárd Mhic Lionnáin ar Oíche Chultúir, ar an 17 Meán Fómhair*
Grianghraf: Clive Wasson

*'The Amadu family, Letterkenny, enjoyed Inishowen Carnival Group's Alchemist spectacle at the Bernard McGlinchey Town Park on Culture Night, September 17th*
Photograph: Clive Wasson

## Infheistíocht a dhéanamh i gcruthú Saothar Ealaíne Nua i nDún na nGall

Chuaigh an tSeirbhís Ealaíon i gcomhpháirtíocht le Féile Liteartha Frances Browne chun cuidiú le leagan stáitse a dhéanamh de ghearrscéalta Frances Browne, *The Legends of Ulster*, i gcomhar le Compántas Amharclannaíochta Balor, agus réamhléamh de *In My Mind's Eye* in Amharclann an Ghrianáin, dráma beathaisnéiseach Shirley Anne Bonner ar shaol Frances Browne.

Chomh maith leis sin, d'éirigh go geal leis an chéad léiriú de *Sister Black* le Margaret Hannon, i mBéal Átha Seanaidh agus i Ráth Mealtain, agus lucht féachana beo i láthair.

## Investing in the Creation of New Artistic Work in Donegal

The Arts Service partnered with the Frances Browne Literary Festival to assist a stage adaptation with the Balor Rep Theatre Company of Frances Browne's short stories, *The Legends of Ulster*, and a rehearsed reading at An Grianán of *In My Mind's Eye*, Shirley Anne Bonner's biographical drama of Frances Browne.

In addition, Margaret Hannon's *Sister Black* enjoyed its first live audience performances, in Ballyshannon and Ramelton.

## Scéimeanna Tacaíochta don Chlár um Léiriú Beo Áitiúil

Tháinig an tSeirbhís Ealaíon agus an tAonad Turasóireachta le chéile chun dhá chéim de Scéim Tacaíochta an Chláir um Léiriú Beo Áitiúil a sheachadadh sa chontae. Tacaíodh le réimse leathan féilte agus imeachtaí, a raibh ina measc féile cheoil tíre ar Árainn Mhór, deireadh seachtaine de léirithe agus suiteálacha le Grúpa Carnabhail Inis Eoghain i bPáirc Swan, Bun Crannacha mar chuid d'Fhéile Oíche Shamhna Dhoire agus sraith ceolchoirmeacha ag Ionad Ealaíon na Mainistreach leis Na Mooneys agus na Henry Girls.

## Local Live Performance Programme Support Schemes

The Arts Service and the Tourism Unit combined to deliver two phases of the Local Live Performance Programme Support Scheme in the county. A wide range of festivals and events were supported including a country music festival on Árainn Mhór, a weekend of performances and installations by Inishowen Carnival Group at Swan Park, Buncrana as part of the Derry Halloween Festival and a series of concerts at the Abbey Arts Centre with Na Mooneys and The Henry Girls.



*Aisteoirí John D. Ruddy agus Diana Cheung, in aice le Charlie Doherty agus Karen Quinn, i mbun scannánaíochta do gearrdhráma de chuid Eve Li, Joss Paper agus Roast Duck, mar chuid de chlár tacaíochta nua amharclainne Little Acorns de chuid Amharclann an Ghrianáin*
Grianghraf: Daithí Ramsey, Amharclann an Ghrianáin

*Arts Image 6:*
*Actors John D. Ruddy and Diana Cheung, with Charlie Doherty and Karen Quinn, filming Eve Li's short play, Joss Paper and Roast Duck, as part of An Grianán Theatre's Little Acorns new theatre works support programme*
Photograph: Daithí Ramsey, An Grianán Theatre

## Amharclann an Ghrianáin

Ba é léiriúchán An Ghrianáin de *The Enemy Within*, le Brian Friel an léiriú ba uaillmhianaí go dtí seo. Faoi stiúir Chaitríona McLaughlin, as Carn Domhnach ó dhúchas agus Stiúrthóir Ealaíne Amharclann na Mainistreach, bhí an dráma mar chuid lárnach de cheiliúradh Cholmcille 1500.

Buaicphointe eile ab ea *Ré an tSolais - Mairéad Ní Mhaonaigh agus A Cairde*, a taifeadadh agus a craoladh mar chuid de Sheachtain Cheoil Thraidisiúnta Leitir Ceanainn i mí Eanáir agus a léirigh TG4 ar lá Fhéile Pádraig ina dhiaidh sin.

### Ag Tacú le hEalaíontóirí Dhún na nGall Saothar Nua a Chruthú

Rinneadh go leor oibre chun tacú le healaíontóirí gairmiúla amharclannaíochta Dhún na nGall ar nós Breandán de Gallaí, Little John Nee, Eve Li, Orson Sterritt, Tadhg Brennan, Patrick Quinn, Anwar Khan, Maggie Hannon, Shirley Anne Bonnar agus Lorcan Strain, chun saothar nua a chruthú.

Ar an dóigh chéanna, spreag an tionscadal Little Acorns scríbhneoirí nua as Dún na nGall chun scripteanna a chur isteach le craoladh ar líne. Taifeadadh seisear díobh seo go hinmheánach, ag úsáid aisteoirí gairmiúla áitiúla agus craoladh iad ar Facebook. Léiríodh ceathrar eile mar dhrámaí raidió agus chualathas iad ar an seó Nine 'til Noon de chuid Highland Radio.

Ghlac an Grianán páirt fosta i dtionscnamh Lasta le NASC Theatre Network, a thug a gcuid clár ar feadh coicíse do bheirt ealaíontóirí óga áitiúla, Fergal Lonergan agus Ailis Cross-Gorman.

## An Grianán Theatre

An Grianán production of Brian Friel's *The Enemy Within*, was its most ambitious to-date. Directed by Caitríona McLaughlin, a native of Carndonagh and Artistic Director of The Abbey Theatre, the play was a centrepiece of the Colmcille 1500 celebrations.

Another highlight was *Ré an tSolais - Mairéad Ní Mhaonaigh agus A Cairde*, recorded and broadcast as part of Letterkenny Trad Week in January and shown subsequently by TG4 on St. Patrick's Day.

### Supporting Donegal Artists to Create New Work

Much work was done supporting professional Donegal theatre artists such as Breandán de Gallaí, Little John Nee, Eve Li, Orson Sterritt, Tadhg Brennan, Patrick Quinn, Anwar Khan, Maggie Hannon, Shirley Anne Bonnar and Lorcan Strain, to create new work.

Similarly, the Little Acorns project encouraged new Donegal writers to submit scripts for online broadcast. Six of these were recorded in-house, using local professional actors and broadcast on Facebook. Another four were produced as radio dramas and heard on Highland Radio's Nine 'til Noon show.

An Grianán also took part in the Lasta initiative with the NASC Theatre Network, giving over their programming for two weeks to two young local artists, Fergal Lonergan and Ailis Cross-Gorman.

## Taobh Amuigh den Amharclann

Mar fhreagairt ar shrianta Covid, roghnaigh an amharclann, uaireanta, saothar a chur i láthair taobh amuigh den amharclann, le Fidget Feet Aerial Dance ag déanamh obair damhsa ingearach i gcoinne bhalla cúil na hamharclainne, agus 'In Middle Town' de chuid Amharclann an Gheata á dhéanamh i gCarrchlós na hamharclainne ar thrucail a bhí curtha in oiriúint go speisialta.

## Féile Ealaíon an Earagail

Mar thoradh ar phaindéim leanúnach Covid-19 rinneadh athrú ó bhonn ar an chlár chun meascán d'imeachtaí ar líne, agus d'imeachtaí a bhí beo ach teoranta, a chur ar fáil, ach leanadh go fóill le tacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí Éireannacha agus le rannpháirtíocht an phobail agus leis an éagsúlacht a mhéadú. Ina ainneoin sin, chuir an fhéile breis agus 280 imeacht i láthair do lucht féachana de 36,000 agus lean sí ag obair le comhpháirtithe ar fud an chontae.

## Clársceidealú ar líne

I measc na léirithe ar líne bhí cónaitheacht le The Henry Girls, an chéad léiriú de *Before*, saothar dátheangach le Pat Kinevane, agus sruth beo comhoibritheach le Féile Ealaíon Chairde Shligigh agus Amharclann Brokentalkers.

## Pobal agus For-rochtain

Cé gur thug an phaindéim dúshláin, chuir sé deiseanna ar fáil fosta, agus mar thoradh air sin cuireadh béim ar a bheith ag obair le pobail nua agus ar úsáid bhreise a bhaint as spásanna lasmuigh. Mar sin, áiríodh ar an chlár an tionscadal *Big Telly's Right Up Your Street* i mBaile Suingean, Ráth Bhoth agus Leitir Ceanainn, turais agus ceardlanna ar fud an chontae le *Fidget Feet Aerial Dance* agus Tumblecircus agus léiriú le comhlacht damhsa óg Bhreandán De Gallaí, Na Mic Ua gCorra, ar Oileán Thoraí.

## Beyond The Auditorium

In response to Covid restrictions, the theatre opted on occasion to present work outside of the auditorium, with Fidget Feet Aerial Dance performing a vertical dance work against the back wall of the theatre, and the Gate Theatre's In Middle Town being performed on a specially adapted truck in the theatre's Car Park.

## Earagail Arts Festival

The continuing Covid 19 pandemic led to a radical re-purposing of the programme towards a hybrid programme of online and live limited capacity events, while still maintaining support to Irish artists and increasing public engagement and diversity. Despite this, the festival presented over 280 events to a combined audience of 36,000 and continued to work with partners across the county.

## Online Programming

Online performances included a residency by The Henry Girls, a premiere of Pat Kinevane's bilingual production of *Before* and a collaborative live stream with Cairde Sligo Arts Festival and Brokentalkers Theatre.

## Community and Outreach

While the pandemic brought challenges, it also provided opportunities, resulting in an emphasis on working with new communities and making additional use of outdoor spaces. As such, the programme included *Big Telly's Right Up Your Street* project in St. Johnston, Raphoe and Letterkenny, tours and workshops across the county by *Fidget Feet Aerial Dance* and *Tumblecircus* and a performance by Breandán De Gallaí's young dance company, Na Mic Ua gCorra, on Oileán Thoraigh.

## Rialachas

Chun cloí go hiomlán leis an Chód úr Rialachais do Charthanais, thug Bainistíocht Fhéile Ealaíon an Earagail CLG faoi athbhreithniú mór rialachais i rith 2021, lena n-áirítear athbhreithniú bunreachtúil, athbhreithniú ar bheartais agus nósanna imeachta na féile agus forbairt boird.

## Governance

To fully comply with the new Charities Governance Code, Earagail Arts Festival Management CLG undertook a major governance review throughout 2021, including a constitutional review, a review of the festival policies and procedures and board development.



*Thacaigh an Scéim Tacaíochta do Chlár Feidhmíochta Beo Áitiúil le himeacht taibhithe de chuid Ghrúpa Carnabhal Inis Eoghain The Ancients, i bPáirc an Eala, Bun Crannchа Oíche Shamhna. Is é an tAonad Turasóireachta, le cúnamh ón tSeirbhís Ealaíon, a rinne an clár a bhainistiú agus a sheachadadh sa chontae*
Grianghraif: Seirbhís Ealaíon

*Inishowen Carnival Group's installation and performance event The Ancients, at Swan Park, Buncrana at Halloween, was supported by the Local Live Performance Programme Support Scheme. The programme was managed and delivered in the county by the Tourism Unit, assisted by the Arts Service*
Photograph: Arts Service




*Embroidery Freize le Ursula Burke, Taispeántas RCC Iúil 2021*
Grianghraf: RCC

*Embroidery Freize by Ursula Burke, RCC Exhibition July 2021*
Photograph: RCC



# Ionad Cultúrtha Réigiúnach

Mar *cheann de na háiseanna ealaíon is fearr sa tír,* dar leis an Irish Times, tá clár iomlán de ghníomhaíochtaí ealaíon agus pobail ar ardchaighdeán curtha i láthair ag an Ionad Cultúrtha Réigiúnach ó osclaíodh é in 2007. Cuirtear an clár imeachtaí ar fáil trí mhaoiniú bliantúil ón Chomhairle Ealaíon, ó Chomhairle Contae Dhún na nGall agus maoiniú tionscadail ó fhoinsí éagsúla.

# Regional Cultural Centre

Rated *as one of the finest arts facilities in the country* by The Irish Times, the RCC has presented a full programme of high-quality arts and community activities since it opened in 2007. The programme is made possible by annual funding from the Arts Council, Donegal County Council and project funding from a variety of sources.

## Cultúr Dhún na nGall á Thabhairt Chuig Ardán Domhanda

Thug srianta COVID-19 deis iontach don ICR le linn an chéad leath de 2021 leanúint le lucht féachana ar líne a mhealladh ar fud an domhain agus an chuid is fearr de cheol agus de chultúr Dhún na nGall a chur i láthair.

Reáchtáladh Seachtain Cheoil Thraidisiúnta Leitir Ceanainn ar líne i mí Eanáir 2021 le rogha mhór ceolchoirmeacha ag am lóin agus sa tráthnóna, lena n-áirítear craoladh an-speisialta ina raibh ceol nuachoimisiúnaithe le Mairéad Ní Mhaonaigh agus Altán.

B'fhéidir go raibh Lá Fhéile Pádraig ciúin d'fhormhór na n-eagraíochtaí in 2021 ach thug an ICR an ceiliúradh ar líne, ar aghaidh chuig na haerthonnta agus ar na scáileáin teilifíse. Léirigh sé seónna do YouTube, Facebook, TG4 agus Highland Radio. I measc na n-aíonna bhí Brendan Quinn, Seamus McGuire, Steve Cooney, Tanya McCole, Altán, Megan Nic Ruairí, Sailor Bill, damhsa Gaelach, agus go leor eile.

Rinneadh Féile Cheoil na hÉireann i dTuaisceart Texas, ina raibh príomhealaíontóirí ceoil Éireannacha ar nós Donal Lunny agus Andy Irvine, a shruthú ón ICR i mí an Mhárta. Cheannaigh os cionn 22,000 Meiriceánach ticéid dhigiteacha agus chaith siad an lá ag baint taitneamh as an seó fíorúil as Dún na nGall, á chomhléiriú ag an ICR agus Tionscadal Dhiaspóra Dhún na nGall.

Bhain ár gcuid seónna ar líne buaicphointe amach go luath i mí an Mheithimh nuair a fuair an seó '*Oíche i gcuideachta Daniel O'Donnell agus a Chairde*' na sruthanna beo is mó riamh do thaispeántas ar líne a léiríodh in Éirinn. Rinneadh an cheolchoirm seo a chraoladh beo ón ICR agus cruinníodh tacaíocht airgeadais, a bhí de dhíth go géar, do *Relay for Life i nDún na nGall.*

## Bringing Donegal Culture to a World Stage

COVID-19 restrictions during the first half of 2021 offered the RCC an exciting opportunity to continue building online audiences throughout the world and showcase the best of Donegal music and culture.

Letterkenny Trad Week took place online in January 2021 with a large selection of lunchtime and evening concerts, including a very special broadcast featuring newly commissioned music by Mairéad Ní Mhaonaigh and Altan.

St. Patrick's Day might have been quiet for most organisations in 2021 but the RCC took the celebrations online, on to the airwaves and on the TV screens. It produced shows for YouTube, Facebook, TG4 and Highland Radio. Guests included Brendan Quinn, Seamus McGuire, Steve Cooney, Tanya McCole, Altan, Megan Nic Ruairí, Sailor Bill, Irish dancing, and much more.

The North Texas Irish Music Festival, featuring leading Irish musical artists such as Donal Lunny and Andy Irvine, was streamed from the RCC in March. Over 22,000 Americans purchased digital tickets and spent the day enjoying the virtual show from Donegal, co-presented by the RCC and Donegal Diaspora Project.

Our online shows peaked in early June with *An Evening with Daniel O'Donnell and friends* receiving the most ever live streams for an online show produced in Ireland. This concert was filmed live from the RCC and raised much needed financial support for *Relay for Life Donegal*.




*Junior Brother and The Bonk, RCC Ealaíontóirí Cónaitheacha, Lúnasa 2021*
Grianghraf: RCC

*Junior Brother and The Bonk, RCC Artists-in-Residents, August 2021*
Photograph: RCC



*Taispeántas NFT, Deireadh Fómhair 2021*
Grianghraf: RCC

*NFT Exhibition, October 2021*
Photograph: RCC

## Nuálaíocht

In 2021, sheol an ICR *Gailearaithe gan Bhallaí*, clár comhoibritheach idir an Gallery of Photography Ireland, an tIonad Cultúrtha Réigiúnach, Leitir Ceanainn agus an Nerve Centre, Doire. D'éascaigh sé naisc thar an iliomad réimsí cruthaitheacha, ag ligint d'ealaíontóirí triail a bhaint as formáidí nuálacha úra chun saothar a chur i láthair.

Sa chéad leagan seo de *Ghailearaithe gan Bhallaí*, rinne cúigear ealaíontóirí lionsa-bhunaithe agus cúigear cumadóirí fuaime iniúchadh ar shaol NFTanna, rinne siad athshamhlú ar chomhlachtaí reatha oibre chun scaipeadh ar líne, agus d'fhorbair siad saothair ealaíne digiteacha nua i gcomhar le chéile a léiríodh ar líne agus go pearsanta san Ionad Cultúrtha Réigiúnach. Ba é an taispeántas NFT seo an chéad cheann dá leithéid san Eoraip agus réitigh sé an bealach d'institiúidí ealaíne ceannródaíocha i Londain, i bPáras, i mBeirlín agus i mBaile Átha Cliath.

## Innovation

In 2021, the RCC launched *Galleries Without Walls*. A collaborative programme by the Gallery of Photography Ireland, Regional Cultural Centre, Letterkenny and Nerve Centre, Derry. It facilitated connections across multiple creative fields, allowing artists to experiment with innovative new formats for presenting work.

In this first *Galleries Without Walls* iteration, five lens-based artists and five audio composers explored the world of NFTs, reimagined current bodies of work for online dissemination, and collaboratively developed new digital artworks that were exhibited both online and in-person at the Regional Cultural Centre. This NFT exhibition was the first of its kind in Europe and paved the way for leading art institutions in London, Paris, Berlin and Dublin.

## Na hAmharc-Ealaíona

Tá ceann de na dánlanna ciúb bán is fearr in Éirinn ag an ICR. Tá an polasaí taispeántais leathan agus dírithe d'aonghnó ar an lucht féachana agus éisteachta, agus is é an phríomhaidhm ná eispéiris ealaíon ar ardchaighdeán a thairiscint do dhaoine áitiúla agus do chuairteoirí ar dóigh dóibh spéis a léiriú iontu. Tá an ICR tiomanta fosta do shaincheisteanna a bhfuil gné áitiúil agus níos leithne iontu a fhiosrú trí mheán an taispeántais. Léirítear an cur chuige comhthéacs-shonrach seo sa tiomantas do shaothar ardchaighdeáin ó ealaíontóirí agus ó thionscadail ealaíne atá nasctha go háitiúil a choimisiúnú agus a thaispeáint, agus san éagsúlacht leathan meán agus disciplíní atá le feiceáil, lena n-áirítear ealaín chomhaimseartha, ceardaíocht, dearadh, ailtireacht, oideachas, stair shóisialta, míchumas agus sláinte. Déanann an tIonad taispeántais nua a choimeád agus a choimisiúnú agus roghnaíonn muid taispeántais chuairte agus tograí taispeántais atá ag teacht leis an fhealsúnacht seo atá dírithe ar an lucht féachana.

## Visual Arts

The RCC has one of the finest white cube galleries in Ireland. The exhibition policy is deliberately broad and audience centred and the main aim is to offer local people and visitors a variety of high quality arts experiences that are likely to be of interest to them. The RCC is also committed to exploring issues of local and wider interest through the medium of the exhibition. This context specific approach is manifested in a commitment to commissioning and showing high quality work from locally connected artists and art projects, and in the wide variety of media and disciplines featured, which includes contemporary art, craft, design, architecture, education, social history, disability, and health. The Centre curates and commissions new exhibitions and selects touring exhibitions and exhibition proposals that are consistent with this audience centred philosophy.

In 2021, d'oibrigh an ICR le comhpháirtithe ar fud Dhún na nGall chun clár amharc-ealaíon samhraidh ilionad a choimeád faoin téama *Turas / Journey*. Bhí an taispeántas seo ar siúl ó Mheitheamh go Lúnasa agus rinne sé iniúchadh ar na hathruithe sochaíocha a mhúnlaíonn ár bhféiniúlacht chomhchoiteann. Bhí meascán de phríomhealaíontóirí Éireannacha agus as Dún na nGall ann a chuir saothar i láthair i Leitir Ceanainn, i nGartán, i mBun Cranncha agus i nGaoth Dobhair.

I measc na n-ealaíontóirí bhí Celina Muldoon, Aideen Barry, Anthony Haughey, Sarah Lewtas, Ursula Burke, Cliodhna Timoney, Anaïs Tondeu, Yesenia Thibault-Picazo, Bassam Al-Sabah, Sean Hillen, Frances Hegarty agus Caoimghín Ó Fraithile.

Chuir an ICR seónna an fhómhair i láthair go fisiciúil fosta leis an phéintéir tírdhreacha Ian Gordon agus an grianghrafadóir agus scríbhneoir Albanach Frank McElhinney.

## Mol Cultúrtha

Lean an ICR ag obair go dlúth le healaíontóirí agus daoine cruthaitheacha éagsúla inár spásanna stiúideo i rith 2021. D'fhorbair ceoltóirí ar nós The Bonk, Junior Brother, Shammen Delly, Ryan Vail agus Peadar Coll saothar fuaime nua inár Stiúideo Fuaime. Chruthaigh ealaíontóirí ar nós Mantas Poderys, Macola Vonga, Charlie Joe Doherty agus Gabriel Blake mósáicí, pictiúir, ríomhirisí grianghrafadóireachta agus scannáin inár Stiúideo Ealaíne.

In 2021, the RCC worked with partners across Donegal to curate a multi-venue summer visual arts programme under the theme of *Turas / Journey*. This exhibition ran from June until August and explored the societal shifts that shape our collective identity. It featured mixture of leading Irish and Donegal artists presenting work in Letterkenny, Gartan, Buncrana and Gaoth Dobhair.

Artists included Celina Muldoon, Aideen Barry, Anthony Haughey, Sarah Lewtas, Ursula Burke, Cliodhna Timoney, Anaïs Tondeu, Yesenia Thibault-Picazo, Bassam Al-Sabah, Sean Hillen, Frances Hegarty and Caoimghghín Ó Fraithile.

The RCC also presented in-person autumn shows with landscape painter Ian Gordon and Scottish photographer and writer Frank McElhinney.

## A Cultural Hub

The RCC continued to work closely with a variety of artists and creative people in our studio spaces throughout 2021. Musicians such as The Bonk, Junior Brother, Shammen Delly, Ryan Vail and Peadar Coll developed new audio work in our Sound Studio. Artists such as Mantas Poderys, Macola Vonga, Charlie Joe Doherty and Gabriel Blake created mosaics, paintings, photography zines and films in our Art Studio.



*Peadar Coll*
Grianghraf: RCC

*Peadar Coll*
Photograph: RCC

# Seirbhís Músaeim

Trí Sheirbhís an Mhúsaeim, déanann Comhairle Contae Dhún na nGall comhchuimhne an chontae agus a phobal a chaomhnú agus a cheiliúradh, trí dhéantáin a bhaineann le stair Dhún na nGall a chaomhnú, a thaispeáint agus a léirmhíniú. Oibríonn an Músaem le réimse leathan daoine, grúpaí agus eagraíochtaí chun rochtain agus rannpháirtíocht san oidhreacht a fheabhsú agus chun ár n-oidhreacht chultúrtha a chur chun cinn agus a chaomhnú.

# Museum Service

Through the Museum Service, Donegal County Council conserves and celebrates the collective memory of the county and its communities, by preserving, displaying and interpreting artefacts related to the history of Donegal. The Museum works with a wide variety of individuals, groups and organisations to improve access to and participation in heritage and to promote and preserve our cultural inheritance.




*Taispeántas grianghrafadóireachta Volunteering in the Community*
Grianghraf: Músaem Chontae Dhún na nGall

*Volunteering in the Community photographic exhibition.*
Photograph: Donegal County Museum


VOLUNTEER
LETTERKENNY TIDY TOWNS
CLEAN UP IN PROGRESS
PLEASE DRIVE CAREFULLY

## Clár an Mhúsaeim

In 2021, d'fhorbair an Músaem taispeántas dar teideal, Ó *Chomhlint go Deighilt, Dún na nGall 1919-1925*. Scrúdaíodh sa taispeántas imeachtaí Chogadh na Saoirse, an Chogaidh Chathartha agus na Críochdheighilte trí dhéantáin, cartlanna agus íomhánna, agus léirigh sé tionchar na mblianta réabhlóideacha ar mhuintir Dhún na nGall. Bhí an taispeántas seo mar chuid de Thionscadal Macallaí na nDeich mBliana a d'fhorbair Músaem Chontae Dhún na nGall agus Cartlann Chontae Dhún na nGall agus maoiníodh é trí *Chlár PEACE IV* atá á bhainistiú ag An Fhoras um Chláir Speisialta an AE (SEUPB).

Chuaigh an Músaem i gcomhpháirtíocht le hIonad Saorálaíochta Dhún na nGall chun comórtas grianghrafadóireachta a chur ar fáil a rinne ceiliúradh ar Obair Dheonach sa Phobal. Tugadh cuireadh do ghrianghrafadóirí amaitéaracha íomhánna d'oibrithe deonacha, agus iad i mbun oibre áit ar bith i gContae Dhún na nGall, a chur isteach. Bhí Gradam Cuimhneacháin John McDermott – Obair Dheonach i Réimse na hOidhreachta mar chuid den chomórtas, chun aitheantas a thabhairt don obair iontach a dhéanann oibrithe deonacha le músaeim, ionaid oidhreachta agus eagraíochtaí áitiúla ar son oidhreacht Chontae Dhún na nGall. Reáchtáladh an ócáid bhronnta duaiseanna i mí Mheán Fómhair sa Mhúsaem, áit a raibh na hiontrálacha ar taispeáint.

Chuaigh an Músaem i gcomhpháirtíocht fosta le hIonad Saorálaíochta Dhún na nGall chun an tionscadal *UnCover & ReDiscover* Your Locality a sholáthar. Moladh d'oibrithe deonacha eolas a fháil amach faoina n-oidhreacht áitiúil agus foilsíodh an méid a fuarthas i leabhrán tarraingteach. Tá an leabhrán ar fáil ar líne ag www.donegalcoco.ie/media/donegalcountyc/museum/UnCover%20%20ReDiscover%20Your%20Locality%20Booklet%20W.pdf agus i gcóip chrua, saor in aisce.

## Museum Programme

In 2021, the Museum developed an exhibition entitled, *From Conflict To Division, Donegal 1919-1925*. The exhibition explored the events of the War of Independence, the Civil War and Partition through artefacts, archives and images and revealed the impact of the revolutionary years on the people of Donegal. This exhibition formed part of the Echoes of the Decade Project developed by Donegal County Museum and Donegal County Archives and was funded through the European Union's *PEACE IV Programme*, which is managed by the Special EU Programmes Body (SEUPB).

The Museum partnered with the Donegal Volunteer Centre to deliver a photographic competition which celebrated Volunteering in the Community. Amateur photographers were invited to submit images of volunteers at work anywhere within County Donegal. The competition included the Volunteering in Heritage- John McDermott Memorial Award, to recognise the extraordinary contribution that volunteers with local museums, heritage centres and organisations make to County Donegal's heritage. The prize giving event took place in September and the entries were displayed in an exhibition in the Museum.

The Museum also partnered with the Donegal Volunteer Centre to deliver the *UnCover & ReDiscover* Your Locality project. Volunteers were encouraged to find out about their local heritage and the submissions received were published in an attractive booklet. The booklet is available online at www.donegalcoco.ie/media/donegalcountyc/museum/UnCover%20%20ReDiscover%20Your%20Locality%20Booklet%20W.pdf and in hard copy, free of charge.

In November the Museum hosted an exhibition *Donegal femLENS* in conjunction with the Donegal Women's Network. The exhibition contained a series of documentary photography projects developed by women in Donegal, with topics including; Humans and Nature: Saving Seals, Women in Farming, MICA Homeowners Stories, Childhood Freedom, Loss, Living with

I mí na Samhna d'óstáil an Músaem taispeántas *Donegal FemLENS* i gcomhar le Gréasán Ban Dhún na nGall. Bhí sraith de thionscadail ghrianghrafadóireachta faisnéise a d'fhorbair mná i nDún na nGall sa taispeántas, a raibh na hábhair seo a leanas ina measc; Daoine agus An Dúlra: Rónta a Shábháil, Mná san Fheirmeoireacht, Scéalta Úinéirí Tí MICA, Saoirse na hÓige, Caillteanas, Maireachtáil le Hipirtheannas Ionchráinniach, Teacht na Dianghlasála, Céim isteach sa Sreabhadh agus taithí saoil an fhoréigin teaghlaigh.

Le linn Fhéile na Bealtaine d'óstáil an Músaem dhá chaint ar líne, *Untold; Donegal Women, the War of Independence and the Civil War le Caroline Carr* agus *Tracing Pirates and their activities around Ireland's Atlantic Seaboard in the Early 17th Century* le Dr Connie Kelleher ó Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta. Maidir le *Músaeim Anois* Dé Domhnaigh an 12 Meán Fómhair, thug an Coimeádaí turas ar an Mhúsaem inar nochtadh scéalta maidir le bailiúcháin agus foirgneamh an Mhúsaeim. Le linn *Oíche Chultúir*, d'óstáil an Músaem rogha beag píosaí gearrdhrámaíochta ar scéalta mhná Dhún na nGall le linn na tréimhse réabhlóidí, arna léiriú ag Maura Logue ó Dark Daughter Productions. Le linn na *Seachtaine um Chuimsiú Sóisialta* i mí Dheireadh Fómhair thug an Músaem agus Ionad Saorálaithe Dhún na nGall cuireadh d'iarrthóirí tearmainn i Leitir Ceanainn a bheith páirteach leo ar thuras treoraithe ar Leitir Ceanainn le Amanda Clarke, a chríochnaigh ag an Mhúsaem le turas ar na taispeántais. Thug Caroline Carr leagan ar líne dá cuid cainte *A Vanished World: The Landed Gentry of Donegal* to Sion Stables agus i mí na Samhna thug sí an chaint go pearsanta in Ardeaglais Cholm Naofa, Doire. Chuir Músaem an Chontae, An tSeirbhís Cartlainne agus na Seirbhísí Leabharlainne treoir ghinealais nua, Do Mhuintir ó Dhún na nGall, ar fáil ar líne ó shuíomhanna gréasáin an Mhúsaeim, na Cartlainne agus na Leabharlainne.

I mí Iúil bhunaigh an Músaem líonra nua ina raibh ionadaithe ó mhúsaeim áitiúla agus ó ionaid oidhreachta i nDún na nGall. Is é aidhm an líonra tacaíocht, comhairle agus foghlaim a sholáthar do na baill i réimsí chomh héagsúil le cúram, margaíocht, taispeántais agus deiseanna maoinithe.

Intracranial Hypertension, Lockdown Emergence, Stepping into the Flow and the lived experience of domestic abuse.

During the Bealtaine Festival the Museum hosted two online talks, *Untold; Donegal Women, the War of Independence and the Civil War by Caroline Carr* and *Tracing Pirates and their activities around Ireland's Atlantic Seaboard in the Early 17th Century* by Dr Connie Kelleher from the National Monuments Service. For *Museums Now* on Sunday 12th September, the Curator gave a tour of the Museum which revealed the stories of the Museum's collections and building. For *Culture Night*, the Museum hosted a small selection of short drama pieces on the stories of Donegal women during the revolutionary period, performed by Maura Logue of Dark Daughter Productions. During *Social Inclusion Week* in October the Museum and the Donegal Volunteer Centre invited asylum seekers in Letterkenny to join them on a guided tour of Letterkenny with Amanda Clarke, which ended at the Museum with a tour of the exhibitions. Caroline Carr gave an online version of her talk *A Vanished World*: *The Landed Gentry of Donegal* to Sion Stables and in November delivered the talk in person in St Columb's Cathedral, Derry. The County Museum, Archives and Library Services produced a new genealogy guide, Your Donegal Family, which is available online from the Museum, Archives and Library websites.

In July the Museum established a new network consisting of representatives from local museums and heritage centres in Donegal. The aim of the network is to provide support, advice and learning to the members in areas as diverse as collections care, marketing, exhibitions and funding opportunities.

## Cholmcille 1500

I gcomhar le ceiliúradh *Cholmcille 1500*, d'fhorbair an Músaem taispeántas, *Colm Cille: An Fear agus an Miotas*, a osclaíodh ar Oíche Chultúir. Tá Naomh Colm Cille ar dhuine de na daoine is tábhachtaí sa Luath-Chríostaíocht a d'fhág oidhreacht ollmhór chultúrtha, stairiúil agus reiligiúnach ina dhiaidh. Thug an taispeántas cuairteoirí ar thuras eolais trí shaol Cholm Cille i nDún na nGall agus i nDoire agus rinne sé iarracht an fear a scaradh ón mhiotas. Bhí gnéithe ar leith ann a bhí fóirsteanach do theaghlaigh fosta ionas go bhféadfadh cuairteoirí idir óg agus aosta na scéalta a bhaineann leis an naomh a iniúchadh. Táirgeadh leabhrán saor in aisce agus turas fíorúil ar an taispeántas fosta. Comhthionscadal a bhí sa taispeántas idir Comhairle Contae Dhún na nGall agus Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin agus thacaigh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán leis.

## Cholmcille 1500

In association with the *Colmcille 1500* celebrations, the Museum developed an exhibition, *Colmcille Man and Myths*, which opened on Culture Night. St Colmcille is one of the most important figures in early Christianity who left behind a huge cultural, historical and religious inheritance. The exhibition took visitors on a journey of discovery through Colmcille's life in Donegal and Derry and tried to separate the man from the myth. It also featured specific family friendly elements so that visitors both young and old could explore the stories associated with the saint. A free booklet and a virtual tour of the exhibition were also produced. The exhibition was a joint project between Donegal County Council and Derry City and Strabane District Council and was supported by the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media.

*Ó chlé, An Clr Jimmy Kavanagh, Méara Leitir Ceanainn, Judith McCarthy, Coimeádaí, An Clr Martin McDermott, Leas-Chathaoirleach Chomhairle Contae Dhún na nGall, ag Músaem Contae Dhún na nGall do sheoladh an taispeántais Colmcille, Man and Myths.*
Grianghraf: Clive Wasson

*L-R, Cllr Jimmy Kavanagh, Mayor of Letterkenny, Judith McCarthy, Curator, Cllr Martin McDermott, Leas-Chathaoirleach of Donegal County Council, at Donegal County Museum for the launch of the exhibition Colmcille, Man and Myths.*
Photograph: Clive Wasson


colmcille
man and myths
the sources
na foinsí
origins
colmcille
man and myths
colm cille
an fear agus
an miotas

## Chlár Chomóradh an Chéid

Lean an Músaem lena chlár gníomhaíochta chun Clár Chomóradh an Chéid a chomóradh in 2021. Sheol Músaem Contae Dhún na nGall, an tIonad Cultúrtha Réigiúnach agus Seirbhís Músaem agus Oidhreachta Chomhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin sraith de 6 phíosa gearrfhíseán *Women's Voices From The Past - Revolutionary Times* ag cur béim ar eispéiris na mban le linn na Tréimhse Réabhlóidí (1919-1923) https://www.donegalcoco.ie/culture/decadeofcentenaries/. Léirigh Dark Daughter Productions na píosaí le físghrafadóireacht le Oath Film Studio. Thacaigh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán leis an tionscadal faoi thionscnamh Chlár Chomóradh an Chéid 2012-2023

Choimisiúnaigh an tSeirbhís Músaem agus Cartlainne Margaret Hannon mar Ealaíontóir Cónaitheach. Ba é toradh a cónaitheachta ná an dráma, *One People*, a insíonn scéal faoi bhean atá faoi bhrón ag bás agus a bhfuil sraith teagmhálacha aici le taibhsí ó Chlár Chomóradh an Chéid a thugann dúshlán dá cuid tuairimí réamhcheaptha faoin am atá thart. Bhí scata beag aisteoirí áitiúla páirteach sa dráma agus léiríodh é sa Mhúsaem i mí na Samhna. Ag obair le Paul Marshall ó Visual Arts Media, d'fhorbair an Músaem turas fíorúil ar an taispeántas *Ó Choimhlint go Deighilt; Dún na nGall 1919-1925*. Beidh an turas fíorúil ar fáil trí láithreán gréasáin na Comhairle in 2022. D'oibrigh an Músaem fosta le Rannóg Córais Faisnéise na Comhairle chun bunachar sonraí ar líne a fhorbairt ina mbeidh na liostaí go léir a foilsíodh i *Leabhar Onóra Chontae Dhún na nGall, An Cogadh Mór 1914-1918* le faisnéis bhreise a ndearna an Músaem taighde air. Beidh rochtain ag an phobal ar an bhunachar sonraí in 2022.

## Decade of Centenaries


The Museum continued its programme of activity to commemorate the Decade of Centenaries in 2021. Donegal County Museum, the Regional Cultural Centre and the Museum and Heritage Service of Derry City and Strabane District Council launched a series of six short video pieces *Women's Voices From The Past - Revolutionary Times* highlighting the experiences of women during the Revolutionary Period (1919-1923) https://www.donegalcoco.ie/culture/decadeofcentenaries/. The video pieces were produced by Dark Daughter Productions with videography by Oath Film Studio. The project was supported by the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media under the Decade of Centenaries 2012-2023 initiative.

The Museum and Archives Service commissioned Margaret Hannon as Artist in Residence. The result of her residency was a drama, *One People*, which tells the story of a grieving woman who has a series of encounters with ghosts from the Decade of Centenaries who challenge her preconceptions of the past. The drama involved a small cast of local actors and was performed in the Museum in November. Working with Paul Marshall of Visual Arts Media the Museum developed a virtual tour of the exhibition *From Conflict to Division; Donegal 1919-1925*. The virtual tour will be available through the Council's website in 2022. The Museum also worked with the IS Section of the Council to develop an online database containing all the listings published in the *County Donegal Book of Honour, The Great War 1914-1918* with additional information researched by the Museum. The database will be publicly accessible in 2022.

*Aíonna ag seoladh taispeántas femLENS Dhún na nGall Grianghraf: Músaem Chontae Dhún na nGall.*
Grianghraf: Músaem Contae Dhún na nGall

*'Guests at launch of Donegal femLENS exhibition Photograph: Donegal County Museum.*
Photograph: Donegal County Museum


Colm Cille
An Fear agus an Miotas
Colmcille
Man and Myths





# Seirbhís Cartlainne

Is é sainchúram na Seirbhíse Cartlainne oidhreacht chartlainne mhuintir Chontae Dhún na nGall a chaomhnú agus a dhéanamh inrochtana do na glúnta atá ann faoi láthair agus do na glúnta atá le teacht. Déantar é seo trí bhailiúcháin de bhunús poiblí agus príobháideach a bhaineann le stair agus cultúr Dhún na nGall a fháil, a chatalógú, a chaomhnú, a dhigitiú agus a stóráil go slán, agus trí rochtain phoiblí a sholáthar ar na cartlanna. Oibríonn an tSeirbhís Cartlainne i gcomhpháirtíocht le go leor grúpaí agus eagraíochtaí.

# Archives Service

The Archives Service's remit is to preserve and make accessible the archival heritage of the people of County Donegal for present and future generations. It does this through the acquisition, cataloguing, conserving, digitisation, and secure storage of collections of public and private origin which relate to the history and culture of Donegal, and through the provision of public access to its archives. The Archives Service works in partnership with many groups and organisations.

*Beatha agus Oidhreacht Cholm Cille Pacáiste Oideachais*
Grianghraf: Cartlanna Chontae Dhún na nGall

*Extract from Colmcille's Life and Legacy: Education Pack Image*
Photograph: Donegal County Archives

## Clár Chomóradh an Chéid

Le maoiniú ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoi Shnáithe Pobail chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán 2021 cheap an Chartlann agus an Músaem Staraí Cónaitheach an Dr Ben Rogers ó UCD. Rinne an Dr Rogers taighde ar bhailiúcháin chartlainne lena n-áirítear na *Comhairlí Ceantair Tuaithe agus Uirbeacha*. Thug sé trí léacht ar ghnéithe polaitiúla agus sóisialta den saol i gContae Dhún na nGall sa tréimhse réabhlóideach. Mar chuid den sainchúram scríobh an Dr Rogers leabhar ina bhfuil sé cinn d'aistí fosta (le foilsiú go luath in 2022). Bhain an tEalaíontóir Cónaitheach faoi Chlár Chomóradh an Chéid 2021 agus an tEalaíontóir Glao Oscailte, úsáid as acmhainní na Cartlainne mar chuid dá dtionscadail siúd.


## Peace IV: Macallaí na nDeich mBliana

*Rinneadh Macallaí na nDeich mBliana*, an tionscadal Cartlainne agus Músaeim de chuid Peace IV faoin tsraith *Caidrimh Dhearfacha a Thógáil* a thabhairt chun críche i mí Aibreáin 2021. Áiríodh sa tionscadal rannpháirtíocht le daoine óga ar an téama leathan 'stair agus oidhreachta na mblianta réabhlóideacha in Éirinn, 1912 – 1923'. Mar chuid den tionscadal Macallaí na nDeich mBliana, bhí conradh ag staraí gairmiúil béil, Regina Fitzpatrick, chun agallaimh a dhéanamh le 13 duine ar oidhreacht dheich mbliana na gcomórthaí céid. Is féidir na taifeadtaí staire béil seo a fheiceáil ar líne anois ag: www.donegalcoco.ie/culture/archives/oral%20history/.

Reáchtáladh imeacht clabhsúir Peace IV ar líne agus áiríodh ann cur i láthair mionsonraithe ó Alarnagh Barrett McGinley ar thionscadal agus torthaí iomlána Mhacallaí na nDeich mBliana, féach: www.youtube.com/watch?v=mPG6NdL6OqM.

*Ar dheis: Gníomhais Dhlíthiúla a bhaineann le dún Oileán Inse, a bronnadh ar an Chartlann in 2021.*
Grianghraf: Cartlanna Chontae Dhún na nGall

*Right: Legal Deeds relating to Inch Island fort, donated to the Archives in 2021.*
Image: Donegal County Archives



Attendance

The members present were:-
Councillors Mac Fadden (Thos). (Presiding.)
Bonner, Doherty (Wm). Duffy, Henderson, Kelly (H J).
Lanigan Mulhern Mac Fadden (Charles).
Mc Nally, O'Donnell (Hugh), O'Donnell (J. F.).
and Ward (Seumas)

The Solicitor to the Council was also in attendance.

The following letter was read from the Chairman of the Council

Killybegs.
30th December 1921.

Dear Sir,
I am to-day in receipt of Summons to a Special Meeting of the Tir Conaill County Council on the 31st inst. I notice that the third item of the agenda deals with the articles of agreement for a Treaty signed by the Irish Plenipotentiaries and the British Delegation on the 6th inst.
as there is an understanding between the President of the Irish Republic and Mr Arthur Griffith, Chairman of the Irish Delegation, that no member of the




*Ar chlé: Sliocht as Miontuairiscí Chomhairle Contae Dhún na nGall, Nollaig 1921, uaslódáilte chuig láithreán gréasáin Chartlann an Chontae i 2021.*
Grianghraf: Cartlanna Chontae Dhún na nGall

*Left: Extract from the Minutes of Donegal County Council, December 1921, uploaded to the County Archives website in 2021.*
Image: Donegal County Archives

## Decade of Centenaries

With funding from the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sports and Media under the Community Strand of the 2021 Decade of Centenaries programme the Archives and Museum appointed a Historian in Residence Dr Ben Rogers of UCD. Dr Rogers researched archive collections including the *Rural and Urban District Councils*. He gave three lectures on political and social aspects of life in Co. Donegal in the revolutionary period. As part of the remit Dr Rogers also wrote a book of six essays (to be published early 2022). The 2021 Decade of Centenaries Artist in Residence and Open Call Artist also utilized the resources of the Archives as part of their projects.

## Peace IV: The Echoes of the Decade

*Echoes of the Decade*, the Archives and Museum Peace IV project under *Building Positive Relations* strand was finalized in April 2021. The project included engagement with young people on the broad theme of the history and legacy of Ireland's revolutionary years, 1912 – 1923. As part of the Echoes of the Decade project a professional oral historian, Regina Fitzpatrick, was contracted to carry out interviews with 13 individuals on the subject of the legacy of the decade of centenaries. This oral history recordings can now be viewed online at: www.donegalcoco.ie/culture/archives/oral%20history/.

The Peace IV closure event took place online and included a detailed presentation by Alarnagh Barrett McGinley on the whole Echoes of the Decade project and outcomes, see: www.youtube.com/watch?v=mPG6NdL6OqM.

## For-rochtain

Ós rud é nach raibh an tSeirbhís Cartlainne in ann taisteal arís chun seirbhísí agus bailiúcháin Chartlann an Chontae a chur chun cinn, bhí roinnt cur i láthair ar líne ar bhailiúcháin chartlainne agus ar théamaí stairiúla. I measc na n-imeachtaí bhí cur i láthair Zúm i do Sheomra, léacht don Rang um Staidéir Chartlainne in An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, caint ar thaifid dhigitithe don Chumann Cartlann agus Taifead (CCT), cur i láthair ag comhdháil maidir le Cogadh na Saoirse ar líne agus cur i láthair ar líne dar teideal *Scéaltaí agus Bailiúcháin ó Chartlann Dhún na nGall* d'fhéile na *Bealtaine*. www.youtube.com/watch?v=H6b6nscPoYU.

## Tionscadail Dhigitithe

Tá miontuairiscí ó chruinnithe Choimisinéirí Baile Bhéal Átha Seanaidh, na nDeich gComhairle Ceantair Tuaithe (CCTanna) agus trí Chomhairle Ceantair Uirbeacha i gContae Dhún na nGall mar chuid de bhailiúchán Chartlann an Chontae agus tá siad tábhachtach chun staidéar a dhéanamh ar Dheich mBliana na gComórthaí Céid.  Mar chuid de chomóradh na nDeich mBliana rinneadh na leabhair mhiontuairiscithe ó 1917 - 1925 a dhigitiú agus a uaslódáil ar an suíomh gréasáin agus tá siad le feiceáil saor in aisce anois, féach: www.donegalcoco.ie/culture/archives/local%20authority%20archives%20digitised/.

## Outreach

As the Archives Service was again unable to travel to promote the County Archives' services and collections, there were a number of online presentations on archival collections and historical themes. Events included a Zoom in your Room presentation, a lecture to the Masters in Archival Studies Class in UCD, a talk on digitised records to the Archives & Records Association (ARA), a presentation at a War of Independence conference online and an online presentation *Stories & Collections from Donegal Archives* for the festival of *Bealtaine*.
www.youtube.com/watch?v=H6b6nscPoYU.

## Digitisation Projects

The minutes of the meetings of Ballyshannon Town Commissioners, the ten Rural District Councils (RDCs) and three Urban District Councils of Co. Donegal are part of the County Archives collection and are significant for the study of the Decade of Centenaries. As part of the Decade commemorations the minute books from 1917 – 1925 were digitized and uploaded onto the website and are now free to view, see:
www.donegalcoco.ie/culture/archives/local%20authority%20archives%20digitised/.

## Beyond 2022 - Státchiste Fíorúil

Lean Cartlann Chontae Dhún na nGall leis an chomhpháirtíocht le *Beyond 2022*, an tionscadal comhoibritheach idirnáisiúnta digitithe agus taighde atá lonnaithe i gColáiste na Tríonóide. Is é aidhm an tionscadail atógáil fhíorúil a chruthú d'Oifig na dTaifead Poiblí a scriosadh i laethanta tosaigh an Chogaidh Chathartha in 1922. Chomhoibrigh an Cartlannaí agus baill eile den ghrúpa Cartlannaithe Rialtais Áitiúil agus Bainisteoirí Taifead (CRÁBT) le *Beyond 2022* san fhoilseachán, *People, Place and Power*, inar leagadh amach stair agus cartlanna *Ard-Ghiúiré na hÉireann*; agus ag eagrú agus ag labhairt ag comhdháil chun comóradh a dhéanamh ar chéad bliain ó dódh Teach an Chustaim i mí na Bealtaine 1921. Taispeánadh roinnt físeán faisnéise ag an chomhdháil, lena n-áirítear físeán ar thaifid Ard-Ghiúiré Chartlann Chontae Dhún na nGall; is féidir é a fheiceáil ag www.youtube.com/watch?v=5csuCtgQFY8.

## Pacáiste Oideachais – Beatha agus Oidhreacht Cholm Cille

Mar chuid de chlár comórtha Cholmcille 1500 choimisiúnaigh an tSeirbhís Cartlainne pacáiste bunscoile nua ó Abarta Heritage. Ba iad Comhairle Contae Dhún na nGall agus Éire Ildánach a chómhaoinigh an pacáiste oideachais *Beatha agus Oidhreacht Cholm Cille.* Tá leabhrán maisithe ann ina dtugtar léargas ar shaol agus oidhreacht Cholm Cille; agus trí cinn déag de bhileoga oibre de ghníomhaíochtaí. Tá an pacáiste dírithe go ginearálta ar pháistí idir 7 agus 12 bliain d'aois.

Le comhoibriú agus cuidiú ón tSeirbhís Leabharlainne agus ó Ionad Oideachais Dhún na nGall, cuireadh an pacáiste ar fáil do mhúinteoirí bunscoile agus do dhaltaí ar fud Chontae Dhún na nGall agus i Sligeach, Doire agus an Mhí. Tá leaganacha Gaeilge agus Béarla ar fáil fosta, le feiceáil agus le híoslódáil ar ár suíomh gréasáin: www.donegalcoco.ie/culture/archives/education/

## Beyond 2022 Virtual Treasury

Donegal County Archives continued its partnership with *Beyond 2022*, the collaborative international digitisation and research project based in Trinity College Dublin. The project's aim is to create a virtual reconstruction of the Public Records Office which was destroyed in the early days of the Civil War in 1922. The Archivist and other members of the Local Government Archivists & Records Managers group (LGARM) collaborated with *Beyond 2022* in the publication, *People, Place and Power*, which outlined the history and archives of *Ireland's Grand Jury*; and in delivering and speaking at a conference commemorating the centenary of the burning of the Custom House in May 1921. The conference showcased a number of informational videos including one on Donegal County Archives' Grand Jury records; it can be viewed at www.youtube.com/watch?v=5csuCtgQFY8.

## Colmcille: A Life and Legacy Education Pack

As part of the Colmcille 1500 commemoration programme, the Archives Service commissioned a new primary school pack from Abarta Heritage. The pack *Colmcille: A Life and Legacy/Beatha agus Oidhreacht Cholm Cille Pacáiste Oideachais* was co-funded by Donegal County Council and Creative Ireland. It includes an illustrated booklet which gives an overview of Colmcille's life and legacy; and thirteen worksheets and exercises. The pack is intended generally for children aged from 7 to 12.

With the cooperation and help of the Library Service and the Donegal Education Centre, the pack was rolled out to primary school teachers and students across Co. Donegal and in Sligo, Derry and Meath. Irish and English language versions are also available to view and download on our website: www.donegalcoco.ie/culture/archives/education/.

## Bailiúcháin agus Bainistíocht Taifead

I measc na n-éadálacha a fuarthas in 2021 bhí taifid ó Scoileanna Náisiúnta Dhomhnach, Mhálanna, Oileán na hInse, Ard Chróin, Na Bóinne agus Chaisleán an Bharraigh; tráinse deiridh de Chartlann Chomhairle Ceantair Uirbeach Bhun Cranncha; agus dhá bhailiúchán shubstaintiúla a bhaineann le stair pholaitiúil, shóisialta agus theaghlaigh ó luathbhlianta go lár an fichiú haois i gContae Dhún na nGall.

I measc na mbailiúchán a ndearnadh catalógú orthu in 2021 bhí cartlann William Walker agus John Cuthbertson (Cé na nDúnaibh), gníomhais dlí a bhaineann le Dún na hInse (1810 – 1900), siopa C J O'Sullivan i dTamhnach an tSalainn, taifid iarnróid agus grianghraif, agus roinnt taifead scoile chomh maith le Coimisinéirí Baile Bhéal Átha Seanaidh.

Rinneadh suirbhé mionsonraithe ar stór na gcartlann i Leifear. Rinneadh suirbhé ar thaifid Chomhairle Ceantair Uirbeach Bhun Cranncha i mBun Cranncha, aistríodh iad chuig Cartlanna agus cuireadh i mboscaí liostaithe iad.

## Collections and Records Management

Among the acquisitions in 2021 were records from Donagh, Malin, Inch Island, Ardcrone, Boyagh and Castleshanaghan National Schools; a final tranche of Buncrana Urban District Council Archive; and two substantial collections relating to political, social and family history in early to mid-twentieth century Co. Donegal.

Among the collections catalogued in 2021 were the William Walker and John Cuthbertson (Downings pier) archive, legal deeds relating to Inch Fort (1810 – 1900), C J O'Sullivan shop in Mountcharles, railway records and photographs, and a number of school records as well as Ballyshannon Town Commissioners.


A detailed survey took place of the archives repository in Lifford. The Buncrana Urban District Council records were surveyed in Buncrana, transferred to Archives and box listed.

## Grúpa Cartlannaithe Rialtais Áitiúil agus Bainisteoirí Taifead

Lean an Cartlannaí ar aghaidh mar Chathaoirleach ar an LGARM agus chomhoibrigh sí le cartlannaithe áitiúla eile, leis an Chomhairle Oidhreachta, leis an Cartlann Náisiúnta, leis an GBRÁ, le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, le Fórsa, le ARA agus le comhlachtaí eile ar thionscadail agus ar shaincheisteanna éagsúla lenar áiríodh *Beyond 2022*, Tuarascáil an Rialtais ón Choimisiún Imscrúdúcháin ar Árais Máithreacha agus Naíonán, an tAthbhreithniú ar an Bheartas Náisiúnta Coimeádta Taifead d'Údaráis Áitiúla, Taispeántas Céad Bliain an Chonartha Angla-Éireannaigh agus *History Ireland*.

## Local Government Archivists & Records Managers Group

The Archivist continued as Chair of the LGARM and collaborated with other local archivists, The Heritage Council, the National Archives, the LGMA, Trinity College Dublin, Fórsa, ARA & other bodies on various projects and issues including *Beyond 2022*, the Government's Report of the Government Commission of Investigation into Mothers and Baby Homes, the Revision of the National Records Retention Policy for Local Authorities, the Anglo-Irish Treaty Centenary Exhibition and *History Ireland*.







*Obair leanaí ó cheardlann John Ruddy, Peace IV Echoes of the Decade, 2021.*
Grianghraf: Cartlanna Chontae Dhún na nGall

*Children's work from John Ruddy's Peace IV Echoes of the Decade workshop, 2021.*
Image: Donegal County Archives

# Oifig Oidhreachta

Is é ról Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall feasacht a ardú, comhairle a sholáthar, sonraí a bhailiú, beartas a fhorbairt agus dea-chleachtas a chur chun cinn maidir lenár n-oidhreacht chultúrtha, thógtha agus nádúrtha. Déanann sé maoirseacht ar chur i bhfeidhm Phlean Oidhreachta an Chontae i gcomhpháirtíocht le Fóram Oidhreachta an Chontae. Is comhpháirtíocht é Clár na nOifigeach Oidhreachta idir an Chomhairle Oidhreachta agus údaráis áitiúla agus rinneadh athbhreithniú neamhspleách ar an chlár an-rathúil seo in 2021.

# Heritage Office

The role of the County Donegal Heritage Office is to raise awareness, provide advice, collect data, develop policy and promote best practice in relation to our cultural, built and natural heritage. It oversees the implementation of the County Heritage Plan in partnership with the County Heritage Forum. The Heritage Officer Programme is a partnership between The Heritage Council and local authorities and the highly successful programme was independently reviewed in 2021.

*Sa phictiúr ar Inis Mhic an Doirn tá Patrick Boner (ina shuí sa lár) a bhuaigh an gradam 'Heritage Hero' ag na Gradaim Oidhreachta Náisiúnta i mí Dheireadh Fómhair. Sa phictiúr chomh maith (ó chlé go deas) tá Colm Murray (Oifigeach Ailtireachta leis an Chomhairle Oidhreachta) agus Joseph Gallagher (Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Contae Dhún na nGall).*
Grianghraf: Clive Wasson

*Pictured on Rutland Island are Patrick Boner (seated centre) who won the 'Heritage Hero' award at the National Heritage Awards in October. Also pictured (from left to right) are Colm Murray (Architecture Officer with The Heritage Council) and Joseph Gallagher (Heritage Officer, Donegal County Council).*
Photograph: Clive Wasson





## Tionscnamh na mBailte Stairiúla

D'éirigh le hiarratas ó Chomhairle Contae Dhún na nGall maidir le Tionscnamh Bailte Stairiúla Bhéal Átha Seanaidh agus bronnadh maoiniú €237,700 air ón Chomhairle Oidhreachta agus ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. D'ullmhaigh agus bhainistigh an tOifigeach Oidhreachta agus an tOifigeach Caomhnaithe an tionscnamh i gcomhpháirtíocht le Grúpa Athnuachana Bhéal Átha Seanaidh, Ailtireacht Dedalus agus úinéirí agus cónaitheoirí áitiúla. Thacaigh an tionscnamh le hoibreacha caomhnaithe a dhéanamh ar 12 réadmhaoin stairiúla feadh an Mheal agus ceann ar an Phríomhshráid Uachtarach lenar áiríodh deisiúcháin dín agus simléir, suiteáil earraí uisce báistí déanta as iarann teilgthe, fuinneoga agus doirse sais adhmaid a athbhunú, rindreáil aoil a chur i bhfeidhm, fásra a bhaint agus aghaidheanna siopaí traidisiúnta a dheisiú. I dtionscadal réimse poiblí cruthaitheach eile a bhí bainte leis, agus a maoiníodh faoin chlár Éire Ildánach, cuireadh comharthaíocht thraidisiúnta lámhphéinteáilte ar ais, cruthaíodh múrmhaisiú ar bhinn tí, agus cuireadh maisiú sealadach ar thrí aghaidh siopaí folmha feadh an Mheal. Cuireadh taithí Thionscnamh Bailte Stairiúla Ráth Mealtain ó 2020 i láthair ag ceardlann náisiúnta Thionscnamh na mBailte Stairiúla i mí Eanáir. Mar chuid *d'Oíche Chultúir* i mí Mheán Fómhair, nocht Ceathrú Ardeaglais Leitir Ceanainn i gcomhar le Comhairle Contae Dhún na nGall plaic chun comóradh a dhéanamh ar *Ghradam Ardmholadh Uachtarán Institiúid Pleanála na hÉireann do Thionscnamh* Bailte Stairiúla Lána na hEaglaise.

## Historic Towns Initiatives

Donegal County Council's application for a Ballyshannon Historic Towns Initiative was successful and was awarded €237,700 in funding from The Heritage Council and the Department of Housing, Local Government & Heritage. The initiative was prepared and managed by the Heritage Officer and the Conservation Officer in partnership with the Ballyshannon Regeneration Group, Dedalus Architecture and local owners and residents. The initiative supported conservation works to 12 historic properties along The Mall and one on Upper Main Street that included roof and chimney repairs, installation of cast-iron rainwater goods, reinstatement of timber sash windows and doors, application of lime render, removal of vegetation and the repair of traditional shopfronts. An associated creative public realm project funded under the Creative Ireland programme saw the reinstatement of traditional hand-painted signage, the creation of a gable mural and the meanwhile use of three vacant shopfronts along The Mall. The Ramelton Historic Towns Initiative experience from 2020 was presented at the Historic Towns Initiative national workshop in January. As part of *Culture Night* in September, the Letterkenny Cathedral Quarter in conjunction with Donegal County Council unveiled a plaque commemorating the *Irish Planning Institute's President's Highly Commended Award* for the Church Lane Historic Towns Initiative.

*Sa ghrianghraf ag seoladh an leabhair dhathúcháin 'Illuminating Colmcille / Léargas ar Cholm Cille' tá an Seanóir Graham Warke (Méara Chomhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin) agus an Clr. Jack Murray (Cathaoirleach Chomhairle Contae Dhún na nGall) le mic léinn ó Scoil Náisiúnta Ghartáin Dé Máirt, 7 Nollaig – ceiliúradh 1500 bliain ó rugadh Naomh Colmcille. Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall a choimisiúnaigh an leabhar dathúcháin le tacaíocht ón Chomhairle Oidhreachta.*
Grianghraf: Joseph Gallagher

*Pictured at the launch of the 'Illuminating Colmcille / Léargas ar Cholm Cille' colouring book are Alderman Graham Warke (Mayor of Derry City & Strabane District Council) and Cllr. Jack Murray (Cathaoirleach of Donegal County Council) with students from Gartan National School on Tuesday, December 7 – the 1,500th anniversary of the birth of St. Colmcille. The colouring book was commissioned by the County Donegal Heritage Office with the support of The Heritage Council.*
Photograph: Joseph Gallagher




*Tá reilig stairiúil Chill Mhic Réanáin ar cheann de 50 reilig stairiúil atá faoi chúram Chomhairle Contae Dhún na nGall agus a chosnaítear faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta (1930-2004). Choimisiúnaigh Comhairle Contae Dhún na nGall oibreacha cobhsaíochta do Mhainistir Chill Mhic Réanáin faoi Chiste Forbartha an Iarthuaiscirt.*
Grianghraf: Joseph Gallagher

*Kilmacrennan historic graveyard is one of 50 historic graveyards in the care of Donegal County Council and protected under the National Monuments Acts (1930-2004). Donegal County Council commissioned stabilisation works to Kilmacrennan Abbey under the North West Development Fund.*
Photograph: Joseph Gallagher





*Bronnadh maoiniú ar Shéipéal Naomh Caitríona sna Cealla Beaga le haghaidh oibreacha cobhsaithe faoi Chiste na Séadchomharthaí Pobail atá á mbainistiú ag an Oifig Oidhreachta agus ag an Oifig Caomhantais. Is séadchomharthaí seandálaíochta iad Séipéal Naomh Caitríona agus reilig stairiúil atá á gcosaint faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta i gcaomhnóireacht Chomhairle Contae Dhún na nGall.*
Grianghraf: Joseph Gallagher

*St. Catherine's Church in Killybegs was awarded funding for stabilisation works under the Community Monuments Fund managed by the Heritage Office and Conservation Office. St. Catherine's Church and historic graveyard are archaeological monuments protected under the National Monuments Acts in the guardianship of Donegal County Council.*
Photograph: Joseph Gallagher

## Comórthaí Colmcille 1500

Mar chuid de chur i bhfeidhm Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall, chuir an Oifig Oidhreachta leabhar dathúcháin 36-leathanach saor in aisce ar fáil dar teideal *Léargas ar Cholm Cille* ag cur béime ar chuid de na suíomhanna oidhreachta, áiteanna, réada agus ábhair chartlainne a bhaineann le gnéithe de shaol agus d'oidhreacht Cholm Cille. Chomh maith leis sin, choimisiúnaigh an Oifig Oidhreachta treoir fuaime dátheangach ar *Dhún na nGall Cholm Cille*, sheol muid turas fíorúil 3D ar Thuras Cholm Cille i nGleann Cholm Cille agus thacaigh muid le Colmcille 1500 – *Man, Myth, Memory, Scoil Scairte History Ireland* i mí na Samhna. I gcomhpháirtíocht leis an Stiúrthóireacht Bóithre agus Iompair agus le tacaíocht ó Chiste Forbartha an Iarthuaiscirt, críochnaíodh oibreacha caomhnaithe ar Mhainistir Chill Mhic Réanáin agus ar Shéipéal Cholm Cille i nGartán. Is séadchomharthaí seandálaíochta iad an dá struchtúr seo atá faoi chosaint faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta (1930-2004) agus tá siad faoi chaomhnóireacht Chomhairle Contae Dhún na nGall.

## Colmcille 1500 Commemorations

As part of the implementation of the County Donegal Heritage Plan, the Heritage Office produced a free, 36-page colouring book entitled *Illuminating Colmcille / Léargas ar Cholm Cille* highlighting some of the heritage sites, places, objects and archives associated with aspects of St. Colmcille's life and legacy. The Heritage Office also commissioned a bi-lingual audio guide on *St. Colmcille's Donegal / Dún na nGall Cholm Cille*, launched a 3D virtual tour of Turas Cholm Cille in Gleann Cholm Cille and supported the Colmcille 1500 – *Man, Myth, Memory History Ireland Hedge School* in Ballyshannon in November. In partnership with the Roads & Transportation Directorate and with support from the North West Development Fund, conservation works to Kilmacrennan Abbey and St. Colmcille's Chapel at Gartan were completed. Both of these structures are archaeological monuments protected under the National Monuments Acts (1930-2004) and are in the guardianship of Donegal County Council.



## Tacú leis an Oidhreacht Dhúchasach, Thógtha & Seandálaíochta

*Thacaigh Scéim Deontais Deisiúcháin Tuí*, a bhfuil duaiseanna buaite aici, le 24 tionscadal deisiúcháin tuí. Bainistíonn an Oifig Oidhreachta agus an Oifig Caomhnaithe an scéim tras-stiúrthóireachta chun sainchomhairle a sholáthar d'úinéirí maidir le caomhnú tuí agus chun maoiniú a leithdháileadh ar dheisiúcháin tuí ar scála beag. Tharraing an scéim aird náisiúnta agus bhí sí le feiceáil ar nuacht RTÉ, BBC Radio Ulster, BBC Radio Foyle agus Newstalk Radio i mí an Mhárta. Thacaigh Ciste na Séadchomharthaí Pobail, arna riar ag an Roinn Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreachta i gcomhpháirtíocht leis an Oifig Oidhreachta agus leis an Oifig Chaomhnaithe, le tionscadail oidhreachta seandálaíochta ar fiú €223,500 iad ar an Dún i Loch an Dúin, iar-Eaglais Chill Mhic Réanáin, Eaglais Thobar Mhálanna, Daingean Uí Dhochartaigh i mBun Cranncha agus Eaglais Naomh Caitríona sna Cealla Beaga. Choimisiúnaigh an Oifig Oidhreachta breithmheasanna tréithe ar Limistéir Chaomhantais Ailtireachta sna cúig bhaile oidhreachta atá ag Contae Dhún na nGall, mar atá Ard an Rátha, Béal Átha Seanaidh, Bun an Phobail, Ráth Mealtain agus Ráth Bhoth. San obair seo, aithníodh agus léarscáilíodh na teorainneacha a d'fhéadfadh a bheith ag Limistéir Chaomhantais Ailtireachta, tugadh anailís ghairid stairiúil ar fhorbairt agus ar thréithe gach Baile Oidhreachta, agus rinneadh cur síos ar na tréithe atá ag gach ceann de na Limistéir Chaomhantais Ailtireachta atá beartaithe, chomh maith le straitéis chaomhnaithe. Fuair an Oifig Oidhreachta €24,500 fosta le haghaidh oibreacha caomhnaithe tosaigh chuig Scoil Mhaoinithe an Phrióra i Leifear faoin *Chiste um Struchtúir Stairiúla.*

## Supporting Vernacular, Built & Archaeological Heritage

Donegal County Council's award-winning *Thatch Repair Grant Scheme* supported 24 thatch repair projects. The Heritage Office and the Conservation Office manages the cross-directorate scheme to provide specialist advice to owners on the conservation of thatch and to allocate funding for small-scale thatch repairs. The scheme attracted national attention and was featured on the RTÉ News, BBC Radio Ulster, BBC Radio Foyle and Newstalk Radio in March. The Community Monuments Fund administered by the Department of Housing, Local Government & Heritage in partnership with the Heritage Office and Conservation Office supported archaeological heritage projects worth €223,500 at Doon Fort, former Kilmacrennan Church of Ireland, Malin Well Church, O'Doherty's Keep in Buncrana and St. Catherine's Church in Killybegs. The Heritage Office commissioned character appraisals of Architectural Conservation Areas in County Donegal's five heritage towns of Ardara, Ballyshannon, Moville, Ramelton & Raphoe. The work identified and mapped the boundaries of potential Architectural Conservation Areas, included a brief historical analysis of the development and character of each Heritage Town, a description of the character of each of the proposed Architectural Conservation Areas and a conservation strategy. The Heritage Office also secured €24,500 for initial conservation works to the Prior Endowed School in Lifford under the *Historic Structures Fund.*

*Sa phictiúr le linn na n-oibreacha caomhnaithe ar Theach Condon, An Meal, Béal Átha Seanaidh tá Collette Beattie, Oifigeach Caomhantais agus Joseph Gallagher, Oifigeach Oidhreachta. Fuair an Oifig Oidhreachta agus an Oifig Caomhantais maoiniú €237,700 ón gComhairle Oidhreachta do Thionscnamh Bailte Stairiúla Bhéal Átha Seanaidh.*
Grianghraf: Cllr. Barry Sweeny

*Pictured during conservation works to the Condon House, The Mall, Ballyshannon are Collette Beattie, Conservation Officer and Joseph Gallagher, Heritage Officer. The Heritage Office and the Conservation Office secured €237,700 in funding from The Heritage Council for the Ballyshannon Historic Towns Initiative.*
Photograph: Cllr. Barry Sweeny

## Oideachas agus Feasacht

Lean an Chomhairle oidhreachta, i gcomhpháirtíocht leis an Oifig Oidhreachta agus Ionad Oideachais Dhún na nGall, leis an *Chlár Fíorúil um Oidhreacht i Scoileanna* do pháistí agus do mhúinteoirí i gContae Dhún na nGall.  Rinne an Oifig Oidhreachta urraíocht ar léiriú an fhíseáin *Bithéagsúlacht in Éirinn* arna léiriú ag Nature North West agus Charlie Joe Films atá ar fáil ar shuíomh YouTube Chomhairle Contae Dhún na nGall. Mar chuid de *Wainfest* agus i gcomhar le Seirbhís Leabharlainne an Chontae, rinne an Oifig Oidhreachta urraíocht ar Éanna Ní Lamhna chun tabhairt faoi cheardlanna amuigh faoin aer *Wild About Nature* do pháistí i mí Dheireadh Fómhair.  Bhí an tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta ar siúl ón 14 - 22 Lúnasa agus in ainneoin phaindéim Covid-19 tugadh faoi 57 tionscadal oidhreachta i gContae Dhún na nGall.  Is í an Chomhairle Oidhreachta agus Oifigigh Oidhreachta na nÚdarás Áitiúil a chomhordaíonn Seachtain na hOidhreachta.  Ag na Gradaim Oidhreachta Náisiúnta  2021 i mí Dheireadh Fómhair, bhuaigh dhá ghrúpa oidhreachta atá lonnaithe i nDún na nGall gradaim náisiúnta.  Mar chuid den Rannán Cultúir agus le maoiniú ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán, chuidigh an Oifig Oidhreachta le hiniúchadh a choimisiúnú ar chuimhneacháin a raibh rochtain ag an phobal orthu a bhaineann le Clár Chomóradh an Chéid (1912-1923).

## Education & Awareness

The Heritage Council, in partnership with the Heritage Office and the Donegal Education Centre, continued its rollout of the *Heritage in Schools Virtual Programme* for children and teachers in County Donegal. The Heritage Office sponsored the production of the *Biodiversity in Ireland* video produced by Nature North West and Charlie Joe Films that is available on the Donegal County Council YouTube site. As part of *Wainfest* and in association with the County Library Service, the Heritage Office sponsored Éanna Ní Lamhna to undertake outdoor *Wild About Nature* workshops for children in October.  National Heritage Week took place from August 14 – 22 and despite the Covid-19 pandemic, 57 heritage projects were undertaken in  County Donegal.  Heritage Week is coordinated by The Heritage Council and Local Authority Heritage Officers. At the National Heritage Awards 2021 in October, two Donegal-based heritage groups won national awards.  As part of the Culture Division and with funding from the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sports & Media, the Heritage Office helped to commission an audit of publicly-accessible memorials associated with the Decade of Centenaries (1912-1923).

*Ceadaíonn an Scéim Deontais Deisiúcháin Tuí sin a bhfuil duaiseanna bainte amach aici do dheisiúcháin riachtanacha a dhéanamh ar dhíonta stairiúla ceann tuí cosúil leis an áitreabh feirmesínte le díon tuí-téada i nGleann Tóchair, Inis Eoghain*
Grianghraf: Joseph Gallagher

*The award-winning Thatch Repair Grant Scheme allows for essential repairs to historic thatched roofs such as this example of a rope-thatch extended farmstead in Glentogher, Inishowen*
Photograph: Joseph Gallagher



## Tionscnaimh Fhiadhúlra agus Bhithéagsúlachta

Fuair Comhairle Contae Dhún na nGall maoiniú €45,766 ó Sheirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta faoi Chiste an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht do thrí thionscnamh: (i) an chéad chéim de shuirbhé chun méid, dáileadh agus cineálacha bogaigh i gContae Dhún na nGall a fháil amach d'fhonn eolas bithéagsúlachta a sholáthar agus bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht, (ii) an tríú bliain de thionscadal Tracking Irish Breeding Curlew le Cairde Éanlaith Éireann agus (iii) suirbhé píolótach dhá bhliain ar phórú naoscaí i gContae Dhún na nGall i gcomhpháirtíocht le Cairde Éanlaith Éireann.

Lean Oifigí Oidhreachta agus Oifigí Bithéagsúlachta na nÚdarás Áitiúil i gcomhpháirtíocht leis an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta ag déanamh urraíochta ar Ghradam Bliantúil Pailneoirí na nÚdarás Áitiúil mar chuid de Chomórtas na *mBailte Slachtmhara* chun grúpaí áitiúla a spreagadh chun gníomhartha a thacaíonn le pailneoirí a chur i bhfeidhm ina mbailte agus sráidbhailte. Bhuaigh Bailte Slachtmhara Bhun Cranncha an *Gradam Pailneoir Náisiúnta na mBailte* Slachtmhara don dara bliain as a chéile. Chuir Líonra Oifigeach Oidhreachta na nÚdarás Áitiúil, i gcomhpháirtíocht le Rannóg na Gaeilge, Comhairle Contae Dhún na nGall leabhrán *Garraíodóireachta ar son na Bithéagsúlachta* ar fáil.

## Wildlife and Biodiversity Initiatives

Donegal County Council secured €45,766 in funding from the National Parks and Wildlife Service of the Department of Housing, Local Government & Heritage under the National Biodiversity Action Plan Fund for three initiatives: (i) the first phase of a survey to determine the extent, distribution and types of wetland in County Donegal in order to provide biodiversity information and inform decision-making, (ii) the third year of a Tracking Irish Breeding Curlew project with BirdWatch Ireland and (iii) the initiation of a two-year pilot survey of breeding snipe in County Donegal in partnership with BirdWatch Ireland.

Local Authority Heritage Offices and Biodiversity Offices in partnership with the National Biodiversity Data Centre continued to sponsor the annual Local Authority Pollinator Award as part of the *Tidy Towns* Competition to encourage local groups to implement pollinator-friendly actions in their towns and villages. Buncrana Tidy Towns won the *National Tidy Towns Pollinator Award* for the second year in a row. The Local Authority Heritage Officer Network in partnership with the Irish Language Office, Donegal County Council produced the *Garraíodóireacht ar son na Bithéagsúlachta* booklet.

*Ceadaíonn an Scéim Deontais Deisiúcháin Tuí sin a bhfuil duaiseanna bainte amach aici do dheisiúcháin riachtanacha a dhéanamh ar dhíonta stairiúla ceann tuí cosúil leis an teachín le díon tuí-téada gar do Chill Chartha.*
Grianghraf: Joseph Gallagher

*The award-winning Thatch Repair Grant Scheme allows for essential repairs to historic thatched roofs such as this rope-thatched vernacular cottage near Kilcar.*
Photograph: Joseph Gallagher



# Acrainmneacha

| | |
|---|---|
| CCT | Cumann na gCartlann & na dTaifead |
| BBC | British Broadcasting Corporation |
| IFC | Ionad Foghlama Cruthaithí |
| FTC | Foirm Tuairiscithe Cáis |
| CSLDO | Coistí Seirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga |
| CDSS | Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna |
| COCD | Comhpháirtíocht Oideachais Cheoil Dhún na nGall |
| CTE | An Coláiste um Theangacha Eorpacha |
| BOOD | Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall |
| An tAE | An tAontas Eorpach |
| CEFSP | Ceardchumann na hÉireann d'Fhoireann na Seirbhíse Poiblí |
| TBSP | Teagmháil Baile, Scoile agus an Phobail (An Roinn Oideachais & Scileanna) |
| CBTRA | Cartlannaithe agus Bainisteoirí Taifead Rialtais Áitiúil |
| GBRA | An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil |
| ITLC | Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn |
| FEP | Feisire de Pharlaimint na hEorpa |
| TÉ | Tuaisceart Éireann |
| RCC | Ionad Cultúir Reigiúnach |
| CT | Comhairlí Tuathcheanntair |
| LÉIGH DL | Léigh Dún na nGall (tionscadal léitheoireachta pobail) |
| AIR | Acadamh Ibeirneach Ríoga |
| RTÉ | Raidió Teilifís Éireann (craoltóir náisiúnta) |
| CCS | Clár Críochnaithe Scoile (An Roinn Oideachais & Scileanna) |
| TG4 | Teilifís na Gaeilge |
| COBÁC | Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath |

# Acronyms

| | |
|---|---|
| ARA | Archives & Records Association |
| BBC | British Broadcasting Corporation |
| CLC | Creative Learning Centre |
| CRF | Case Report Form |
| CYPSC | Children and Young People's Services Committees |
| DEIS | Delivering Equality of Opportunity In Schools |
| DMEP | Donegal Music Education Partnership |
| ELC | Euro Languages College |
| ETB | (Donegal) Education and Training Board |
| EU | European Union |
| FORSA | Irish Trade Union for Public Service Staff |
| HSCL | Home School Community Liaison (Department of Education & Skills) |
| LGARM | Local Government Archivists & Records Managers |
| LGMA | Local Government Management Agency |
| LYIT | Letterkenny Institute of Technology |
| MEP | Member of the European Parliment |
| NI | Northern Ireland |
| RCC | Regional Cultural Centre |
| RDC | Rural District Councils |
| READ DL | Read Donegal (community reading project) |
| RHA | Royal Hibernian Academy |
| RTÉ | Raidió Teilifís Éireann (national broadcaster) |
| SCP | School Completion Programme (Department of Education & Skills) |
| TG4 | Teilifís na Gaeilge |
| UCD | University College Dublin |

Comhairle Contae
Dhún na nGall
Donegal County Council